# Plean Gníomhaíochta Réigiún an Iarthair maidir le Daoine gan Dídean 2025-27

Feabhra 2025

# Clár an Ábhair

Deireadh a chur leis an easpa dídine faoi 2030 - Dearbhú Liospóin .... 4
Réamhrá – Comhairle Cathrach na Gaillimhe (an Príomhúdarás) .... 6
Giorrúcháin agus Gluais .... 7
Achoimre ar Chreat Beartais .... 8
Comhthéacs an Phlean .... 9
Fís, Misean, Luachanna .... 12
Príomhchuspóirí .... 13
Cuspóir 1: Soláthar Tithíochta - chun an Easpa Dídine a chosc agus chun Bealaí amach as an Easpa Dídine a chur ar fáil .... 15
Cuspóir 2: An Easpa Dídine a Chosc agus Cothú Tionóntachtaí .... 20
Cuspóir 3: Bealaí amach as an Easpa Dídine .... 23
Cuspóir 4: Cosaint do dhaoine a bhíonn ag codladh amuigh agus daoine atá go speisialta leochaileach .... 34
Cuspóir 5: Easpa Dídine Óige a réiteach .... 43
Cuspóir 6: Rialachas agus Obair idir Gníomhaireachtaí .... 48
Aguisín A: Creat Beartais: Tagairtí .... 53
Aguisín B: Achoimre ar Sheirbhísí Reatha .... 54
Cathair na Gaillimhe .... 54
Comhairle Cathrach na Gaillimhe .... 54
Obair idir gníomhaireachtaí i gCathair na Gaillimhe .... 55
Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean i limistéar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe .... 55
Contae na Gaillimhe .... 64
Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) .... 65
Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean i limistéar Chomhairle Chontae na Gaillimhe .... 65
Tograí ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun forbairt a dhéanamh amach anseo ar Sheirbhísí do dhaoine gan dídean .... 67
Contae Mhaigh Eo .... 68
Seirbhísí Óige i gContae Mhaigh Eo .... 70
Nasc le Tacaíocht sa Phobal .... 71
Forbairtí amach anseo i gContae Mhaigh Eo .... 71
Comhairle Contae Ros Comáin .... 73
ÍCT do Dhaoine gan Dídean / Aimsitheoir Áite ÍCT .... 73
Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean i gContae Ros Comáin .... 74
Na spriocanna sa doiciméad Tithíocht do Chách .... 75
Forbairtí amach anseo do Ros Comáin .... 76

Aguisín C: Comhairliúcháin le Príomhpháirtithe Leasmhara ........................................................... 77

## Deireadh a chur leis an easpa dídine faoi 2030 - Dearbhú Liospóin

I bPlean Gníomhaíochta Réigiún an Iarthair um Easpa Dídine 2025-27, tugtar gealltanas go mbeifear ag saothrú chun deireadh a chur leis an easpa dídine sa réigiún faoi 2030 i gcomhréir leis an mbeartas náisiúnta.

I mí an Mheithimh 2021, shínigh an tAire Tithíochta Daragh O'Brien Dearbhú Liospóin chun an Easpa Dídine a Chomhrac thar ceann na hÉireann.

https://ec.europa.eu/social/BlobServlet?docId=24120&langId=en

Seo a leanas cuid de na pointí is tábhachtaí sa Dearbhú ar ghlac na sínitheoirí leo:

- go bhfuil an easpa dídine ar cheann de na cineálacha is measa den eisiaimh shóisialta, cás a dhéanann dochar do shláinte coirp, meabhairshláinte, folláine agus caighdeán maireachtála an duine, agus do na deiseanna fostaíochta a bhíonn acu agus don teacht a bhíonn acu ar sheirbhísí eile eacnamaíocha agus sóisialta.
- go dteastaíonn tuiscint - má táthar le dul i ngleic leis an easpa dídine - ar an tslí a dtéitear i bhfeidhm ar ghrúpaí éagsúla sa phobal, cuir i gcás leanaí, daoine óga, mná, tuismitheoirí aonair agus teaghlaigh mhóra, daoine atá níos sine, imircigh, mionlaigh eitneacha agus grúpaí leochaileacha eile.
- an meascán bunchúiseanna casta a bhíonn taobh thiar den easpa dídine, cuir i gcás ardú ar chostais tithíochta, easpa stoc tithíochta sóisialta nó easpa cúnamh tithíochta, ioncam íseal agus poist gan chinnteacht, post a chailleadh, dul anonn in aois agus cliseadh teaghlaigh, leithcheal, fadhbanna sláinte fadtéarmacha agus daoine á ligean amach as institiúidí gan an t-ullmhúchán ceart.
- an fás atá ar an bhfianaise maidir le seifteanna éifeachtacha leis an easpa dídine a stopadh agus a réiteach, cur chuige bunaithe ar thithíocht mar shampla.
- an tábhacht a bhaineann leis an inacmhainneacht tithíochta do ghrúpaí leochaileacha agus le beartais cosanta sóisialta le go mbeidh saol réasúnta ag daoine; an ról atá le comhlíonadh ag an ngeilleagar sóisialta agus ag soláthraithe seirbhísí sóisialta leis an easpa dídine a réiteach agus a chosc.

Chuir na sínitheoirí in iúl go mbeidís toilteanach saothrú ag féachaint le go mbeadh deireadh leis an easpa dídine faoi 2030, le go mbainfear amach na nithe seo:

- nach mbeidh aon duine ag codladh amuigh mar gheall ar easpa cóiríocht éigeandála a bheadh inrochtana, sábháilte agus cuí;

- nach mbeidh cónaí ar aon daoine i gcóiríocht éigeandála ná idirthréimhse níos faide ná mar is gá le gur féidir leo bogadh ar aghaidh chuig réiteach buan tithíochta;
- nach ligfear aon daoine amach as aon institiúid (mar shampla príosún, ospidéal, ionad cúraim) gan tithíocht chuí a thairiscint dóibh;
- go ndéanfar díshealbhú a sheachaint oiread is féidir agus nach gcuirfear aon daoine amach as a n-áit chónaithe gan an chabhair dóibh réiteach cuí tithíochta a aimsiú, nuair is gá;
- nach ndéanfar leithcheal ar aon daoine mar gheall ar a stádas mar dhuine gan dídean.

Ós rud é go mbíonn líon réasúnta íseal daoine ag codladh amuigh in iarthar na tíre, thug Sam Tsemberis ár ndúshlán dúinn plean a chur le chéile chun deireadh a chur leis an gcodladh amuigh faoi 2030, na hacmhainní a shonrú a theastódh uainn chun deireadh a chur leis an gcodladh amuigh in iarthar na tíre sna ceithre bliana amach romhainn agus eiseamláir a dhéanamh d'iarthar na tíre do na Réigiúin eile. Agus timpeall 24 duine ag codladh amuigh sa Chathair, agus 19 nduine eile sa Fhreagairt ar an Aimsir Fhuar, agus líon níos ísle daoine i limistéir eile san Údarás Áitiúil, creideann sé go mbeidh sé an-indéanta an aidhm seo a bhaint amach.

## Réamhrá – Comhairle Cathrach na Gaillimhe (an Príomhúdarás)

**Réamhrá:**

Ceist phráinneach shóisialta atá san easpa dídine a chuireann as do dhaoine agus teaghlaigh ar fud na hÉireann, Réigiún an Iarthair san áireamh. Mar fhreagairt ar an ngéarchéim seo atá ag fás, is é is aidhm don phlean gníomhaíochta seo cur chuige a chur ar fáil a bheidh cuimsitheach, comhoibríoch agus inbhuanaithe leis an easpa dídine a laghdú ionas go mbeidh teacht ag gach duine agus ag gach teaghlach ar thithíocht shlán shábháilte inacmhainne.

Is éard atá i Réigiún an Iarthair contaetha a chuimsíonn údarás áitiúil cathrach agus contae na Gaillimhe, agus údarás áitiúil contae Mhaigh Eo agus Ros Comáin. Cúis imní atá san ardú ar an easpa dídine le blianta beaga anuas i Réigiún an Iarthair. Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ainmnithe mar an príomhúdarás do réigiún an Iarthair. Rinneadh Plean Gníomhaíochta um Easpa Dídine Réigiún an Iarthair a ullmhú ag féachaint d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 faoi mar a bhaineann sé sin leis an easpa dídine. Tá leagtha amach ann na tosaíochtaí don réigiún do na trí bliana atá le teacht. I gcomhréir le halt 37 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 Is fíor go bhfuil iarrachtaí inmholta déanta chun dul i ngleic leis an gceist seo, ach is léir go dteastaíonn cur chuige straitéiseach níos comhordaithe má táthar chun dul i ngleic go héifeachtach le bunchúiseanna na heaspa dídine agus réitigh a mhairfidh a chur ar fáil do dhaoine atá buailte ag an easpa tithíochta.

Déantar iarracht sa phlean gníomhaíochta seo forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh atá cheana ann agus comhar a fheabhsú idir údaráis áitiúla, FSS, seirbhísí meabhairshláinte, soláthraithe seirbhísí do dhaoine gan dídean, gníomhaireachtaí tithíochta, seirbhísí sóisialta agus páirtithe leasmhara eile. Is é is aidhm dúinn leas a bhaint as meascán de straitéisí coiscthe, idirghabhála agus tacaíochta fadtéarma leis an easpa dídine a laghdú go mór, leis an tionchar ón easpa dídine ar dhaoine a mhaolú agus le pobail a chothú le go mbeidh siad níos láidre agus níos stóinsithe.

**Buíochas:**

Ní thiocfadh an plean gníomhaíochta seo a chur le chéile gan an obair luachmhar atá déanta ag daoine agus eagraíochtaí éagsúla. Gabhaimid buíochas leis na hÚdaráis Áitiúla, le FSS, leis na hoibrithe ar an líne thosaigh agus na soláthraithe seirbhísí a chuir a dtuiscintí, saineolas agus taithí in iúl dúinn leis an bplean seo a mhúnlú. Is mór an spreagadh dúinn an dúthracht atá ionaibh le dul i ngleic leis an easpa dídine i Réigiún an Iarthair. Táimid an-bhuíoch as an méid sin.

Is mian linn aitheantas a thabhairt dóibh siúd a bhfuil taithí acu ar an easpa dídine agus a chuir leis an bplean seo, plean ina bhfuilimid ag iarraidh dul i ngleic le riachtanais tithíochta na ndaoine sin. An mhuinín atá léirithe acu agus iad buailte ag an easpa dídine, táimid i ndiaidh tarraingt go mór ar an muinín sin agus an plean seo a chur le chéile, rud a chuireann i gcuimhne dúinn an costas daonna a bhaineann leis an easpa dídine.

Gabhaimid buíochas leis na comhpháirtithe atá againn sa Rialtas agus le lucht déanta beartas as a gcuid tacaíochta i gcónaí chun an creat a chur le chéile a fhágann gur féidir a leithéid de thionscnaimh a reáchtáil. Ar deireadh, ár mbuíochas le Anne Mallaghan as an bplean seo a chur le chéile agus as bheith ag obair go dlúth le gach páirtí leasmhar mar chuid den iarracht le bearta a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an easpa dídine.

# Giorrúcháin agus Gluais

| | |
|---|---|
| AHB (CCT) | Comhlacht Ceadaithe Tithíochta |
| API | Comhéadan Feidhmchláir |
| CBH | Tithíocht Phobalbhunaithe |
| CCMA | Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach |
| CHW | Cúram Sláinte Pobail an Iarthair |
| CMHT | Foireann Cúram Meabhairshláinte Pobail |
| CVS | An Earnáil Pobail agus Dheonach |
| CWR | Freagairt ar Aimsir Fhuar |
| DCEDIY (RLCMLÓ) | An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige |
| DHLGH (RTRÁO) | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta |
| DSP (RCS) | An Roinn Coimirce Sóisialaí |
| FEANTSA | An Fhaireachlann Eorpach um an Easpa Dídine |
| HAP | Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta |
| HAT | Foireann Gníomhaíochta um an Easpa Dídine |
| HF | Tithíocht ar dTús |
| HHAP | Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine gan Dídean |
| HSE (FSS) | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| LA (ÚÁ) | An tÚdarás Áitiúil |
| LECP | Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail |
| MDT | Foireann Ildisciplíneach |
| MHS | Seirbhísí Meabhairshláinte |
| NQSF | An Creat Caighdeán Náisiúnta Dearbhaithe |
| NTQ | Fógra Fágála |
| PASS | Córas Cóiríochta agus Tacaíochta Slí Abhaile |
| PEA (CÉP) | Cóiríocht Éigeandála Phríobháideach |
| RAS (SCC) | Scéim Cúnaimh Cíosa |
| RPZ | Crios Brú Cíosa |
| RTB | An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe |
| SOLO | Oifigeach Teagmhála Ciontóirí Gnéis |
| STA | Cóiríocht Shealadach faoi Thacaíocht |
| SVP | Cumann Naomh Uinseann de Pól |
| TEA | Cóiríocht Éigeandála Shealadach |
| VCS | Seirbhísí Deonacha agus Pobail |
| WRDTF | Tascfhórsa Drugaí Réigiún an Iarthair |
| WRHAP | Plean Gníomhaíochta Réigiún an Iarthair um Easpa Dídine |

## Achoimre ar Chreat Beartais

Seo a leanas Beartais agus Tuarascálacha Náisiúnta atá mar bhonn eolais do Phlean Gníomhaíochta Réigiún an Iarthair maidir le Daoine gan Dídean 2025-27:

Tithíocht do Chách 2021 (go príomha Conair 2: Conair chun Deireadh a chur leis an Easpa Dídine, Soláthar Tithíochta Sóisialta a mhéadú agus Tacú leis an Ionchuimsiú Sóisialta)

An dara Plean Náisiúnta chun Tithíocht ar dTús a chur i bhfeidhm, 2022-2026

An Stráitéis Náisiúnta um Dhaoine Óga gan Dídean, 2023-25

*Assertive Street Outreach, A Good Practice Guide for Local Authorities in Ireland 2024*

An Creat Caighdeán Náisiúnta Dearbhaithe

Tuarascáil an Choimisiúin Tithíochta, 2024

Plean Straitéiseach Náisiúnta chun Sláinte Daoine in Éirinn atá Buailte ag an Easpa Dídine a fheabhsú (2024-2027)

Comhfhís: Beartas Meabhairshláinte do Chách

Díobháil a Laghdú, Cabhrú le Téarnamh: Freagairt á treorú ag an earnáil sláinte ar úsáid drugaí agus alcóil in Éirinn, 2017-2025

Treoirlínte Náisiúnta um an Díthocsainiú sa Phobal – beinsidhé-asaipín

Tá tagairtí in Aguisín A.

## Comhthéacs an Phlean

**Cúlra**


Le tamall maith de bhlianta anois, an chuid is mó de na daoine a bhíonn buailte ag an easpa dídine i nGaillimh, i Maigh Eo agus i Ros Comáin, tá siad i ndiaidh teacht as nó aistriú chuig Cathair na Gaillimhe, an limistéar uirbeach is mó sa Réigiún.  Bhí cur chuige onnghníomhach ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe, FSS agus ENRanna le dul i ngleic leis an easpa dídine. Ó bhí deireadh na 1970idí ann, tá forbairt déanta acu – forbairt atá fós ar bun – ar réimse seirbhísí spriocdhírithe chun tacú le daoine leochaileacha agus daoine fásta eile atá i mbaol ón easpa dídine.

Agus géarchéim na tithíochta agus na heaspa dídine tar éis dul in olcas go náisiúnta le blianta beaga anuas, tá méadú i gcónaí ar an líon daoine a bhíonn buailte ag an easpa dídine in Iarthar na Tíre.   Tá níos mó daoine ag teacht isteach mar dhaoine gan dídean i ngach ceann de na ceithre Údarás Áitiúla sa Réigiún, fiú na hÚdaráis Áitiúla nach bhfeictí mórán den easpa dídine iontu.  Le dul i ngleic leis sin, tá na hÚdaráis Áitiúla, FSS agus ENRanna ag forbairt agus ag cur le Seirbhísí i gContae na Gaillimhe, Contae Mhaigh Eo agus Contae Ros Comáin.

Tá gach gníomhaireacht sa Réigiún ag obair go dian leis an easpa dídine a chosc agus, nuair a bhíonn an easpa dídine ann, lena chinntiú nach mbeidh i gceist ach an tréimhse is lú agus is féidir agus nach mbeidh an cás ann arís.  Tá meon láidir den chomhar ann chun dul i ngleic leis an easpa dídine sa Réigiún. Tá na gníomhaireachtaí a bhíonn ag plé leis an obair seo tar éis saothrú le chéile chun an plean seo a chur le chéile agus cuidiú acu ó Ann Mallaghan.

**Soláthar Tithíochta**


Tá ganntanas tithíocht shábháilte inacmhainne ann agus, dá bharr, tá níos mó daoine ar fud na tíre buailte ag an easpa dídine nó i mbaol ón easpa dídine.  Tá obair ar bun chun níos mó tithe sóisialta a chur ar fáil san Iarthar. In 2023, cuireadh 535 teach sóisialta nua ar fáil sa Réigiún agus 4,211 teaghlach ar an liosta feithimh do thithíocht shóisialta agus 4,936 teaghlach eile i dtionóntachtaí agus tacaíocht acu ón íocaíocht Cúnaimh Tithíochta.  Má táthar chun dul i ngleic leis an easpa dídine agus ganntanas tithíochta, caithfear níos mó tithe sóisialta agus tithe inacmhainne a sholáthar fad a mhairfidh an plean seo.



Foinse:
https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/parliamentaryBudgetOffice/2024/2024-08-16_social-housing-ongoing-need-2023_en.pdf
https://www.gov.ie/en/collection/6060e-overall-social-housing-provision/#social-housing-delivery-progress-against-targets

**Méadú ar an easpa dídine i Réigiún an Iarthair**

Léirítear sna sonraí um easpa dídine atá curtha le chéile agus foilsithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta go bhfuil níos mó ná méadú faoi shé tagtha ar an líon daoine ar cuireadh cóiríocht éigeandála ar fáil dóibh i réigiún an Iarthair ó bhí 2014 ann, an bhliain ar cuireadh na sonraí seo ar fáil agus ar foilsíodh iad den chéad uair. Tá ráta méadaithe 22% ann le blianta beaga anuas ó bhí tús 2020 ann. An ráta is airde go dtí seo ná 671 duine i mí na Samhna, 2024, an tráth óna bhfuarthas na figiúirí is deireanaí sular cuireadh an plean seo i gcrích. Ní chuirtear san áireamh sna figiúirí seo daoine a chodlaíonn amuigh (21 duine faoi leith a bhíodh ag codladh amuigh i ráithe 4, 2024 i gcathair na Gaillimhe), daoine a stopann sa charr nó in áitreabh suiteora, an líon folaigh gan dídean, mná agus leanaí i dtearmann ón drochíde teaghlaigh ná daoine atá ag cur fúthu in Ionaid Soláthair Dhírigh.




Foinse: https://www.gov.ie/en/collection/80ea8-homelessness-data/

**Riachtanais Chasta agus Grúpaí Leochaileacha**

Mar aon leis an méadú ar an líon daoine atá gan dídean agus i mbaol ón easpa dídine de dheasca ganntanas tithíochta, tá gníomhaireachtaí sa Réigiún ag tuairisciú go bhfuil níos mó castachta i gceist leis na riachtanais tacaíochta atá ag daoine atá ar lorg Seirbhísí, cuir i gcás fadhbanna meabhairshláinte agus sláinte coirp, fadhbanna andúile, míchumas gan a dhiagnóisiú agus néara-éagsúlacht.

Sa phlean seo, aithnítear grúpaí áirithe daoine atá go speisialta leochaileach, cuir i gcás daoine a bhíonn ag codladh amuigh, daoine óga a fhágann an cúram, daoine a d'fhulaing foréigean baile, daoine a d'fhulaing mí-úsáid ghnéasach, daoine a scaoiltear saor ón bpríosún, daoine a ligtear amach ón ospidéal, daoine a fhágann Ionaid don Soláthar Díreach, daoine a mbíonn deacrachtaí

meabhairshláinte orthu, daoine atá néara-éagsúil, daoine ón bpobal LADTAI+ agus daoine atá níos sine agus a n-áit chónaithe ar cíos acu.

**Príomhchuspóirí**

Leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta seo um Easpa Dídine tá cuspóirí agus gníomhartha don tréimhse 2025 go 2027 faoi shé theideal mar atá leagtha amach sna Príomhchuspóirí.

## Fís, Misean, Luachanna

**An Fhís Straitéiseach taobh thiar de Phlean Gníomhaíochta Réigiún an Iarthair um Easpa Dídine**

Saothrú chun deireadh a chur leis an easpa dídine in Iarthar na tíre ar na bealaí seo:

- go leor den tithíocht inacmhainne chuí a sholáthar
- béim ar an easpa dídine a chosc
- tacaíocht dóibh siúd is mó atá leochaileach chun an chumhacht a thabhairt dóibh cóiríocht chuí a fháil agus a choinneáil, cóiríocht a shásóidh a riachtanais, agus modh oibre iomlánaíoch, comhbhách agus réamhghníomhach againn.

**Misean**

Is é an misean atá againn tacaíocht chuimsitheach, acmhainní agus abhcóideacht a chur ar fáil do dhaoine agus do theaghlaigh atá i mbaol ón easpa dídine agus atá buailte ag an easpa dídine;

iarracht a dhéanamh i gcomhar a chéile chun deireadh a chur leis an easpa dídine agus an codladh amuigh agus freagairt chomhordaithe a sholáthar do na riachtanais a bhíonn ag an líon tí (teaghlaigh agus daoine aonair) atá buailte ag an easpa dídine.

**Luachanna**

Ionchuimsiú Sóisialta

Tacaíocht Iomlánaíoch

Cúram bunaithe ar eolas ar Thráma

Comhbhá

Comhar

## Príomhchuspóirí

1. **Soláthar Tithíochta**
    - Tithíocht shóisialta nua a phleanáil agus a sholáthar go réamhghníomhach, tithíocht a bheidh ag teacht leis an riachtanas ó thaobh líon agus cineál tithe de
    - Grúpaí áirithe daoine san áireamh
        - Daoine gan dídean
        - An Lucht Siúil
        - Daoine atá faoi Mhíchumas
        - Daoine scothaosta
    - Dul i ngleic le foirgnimh thréigthe, folúis agus foirgnimh fholmha
    - Tionóntachtaí ÍCT agus SCC
    - Monatóireacht a dhéanamh ar Ligean Gearrthéarma
    - Tithíocht ar cíos de réir costais agus Tithíocht Inacmhainne

2. **Easpa Dídine a Chosc**
    - Idirghabháil Luath, Cosc agus Seirbhísí Cothaithe Tionóntachta
    - Lánpháirtiú Sóisialta agus Forbairt Pobail
    - Bailiú Sonraí agus Tuairisciú

3. **Bealaí amach as an easpa dídine, tacú le daoine a bhfuil riachtanais chasta acu**
    - Tacú leis an aistriú ón gcodail amuigh, ó chóiríocht éigeandála nó cóiríocht eile do dhaoine gan dídean isteach chuig tionóntachtaí fadtéarma, cuir i gcás
        - Tithíocht do dhaoine agus teaghlaigh atá gan dídean le fada
        - Modhanna de réir na dteoiricí a bhaineann le Tithíocht ar dTús/Bunaithe ar Thithíocht
        - Tithíocht Phobalbhunaithe idirthréimhse a sholáthar, chomh maith le tacaíochtaí tionóntachta
        - Seirbhísí Tacaíochta Ardleibhéil
    - Freagairtí sonracha cóiríochta a dhearadh agus a fhorbairt chun freastal ar na riachtanais a bhíonn acu siúd a dteastaíonn Tithíocht faoi Thacaíocht uathu, cuir i gcás Seirbhísí Tacaíochta Ardleibhéil agus sciath-thithíocht do dhaoine a bhfuil riachtanais tacaíochta acu ó thaobh cúram sóisialta de.
    - Grúpaí imeallaithe agus grúpaí leochaileacha
    - Cúram agus bainistiú cáis comhtháite do ghrúpaí leochaileacha

4. **Cosaint** daoine a bhíonn ag codladh amuigh agus daoine atá go speisialta leochaileach
    - Daoine a bhíonn ag Codladh Amuigh
    - For-rochtain Sráide, Ionaid Lae, Cóiríocht Éigeandála, CWR, SWR, Sláinte agus Folláine

5. **Easpa Dídine Óige** a réiteach
    - Cosc Easpa Dídine, Tithíocht atá Oiriúnach don Aois agus Cothú Tionóntachtaí trí Sheirbhís dírithe ar an Óige
    - Seirbhís Buail Isteach agus Seirbhís Tacaíochta Lae
    - Idirghabháil luath chun tacú le daoine óga agus iad ag fágáil socrú cúraim

- Taighde ar an tionchar ar dhaoine óga ó sholáthar seirbhísí easpa dídine agus tithíochta dírithe ar dhaoine óga

**6. Comhar agus Rialachas Láidir**

- Comhar láidir idir gníomhaireachtaí, seirbhísí ardchaighdeáin éifeachtacha, agus sláinte agus folláine na n-oibrithe agus oibrithe deonacha go léir a chothú agus a fhorbairt nuair a bhítear ag saothrú leis na spriocanna a bhaint amach mar atá leagtha amach sa doiciméad Tithíocht do Chách agus sa Phlean Gníomhaíochta um an Easpa Dídine do Réigiún an Iarthair. Leibhéil níos airde de rannpháirtíocht, den leanúnachas sa chumarsáid agus den chomhar a bhaint amach ar gach leibhéal den obair chun Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean a sholáthar.
- Struchtúir agus Caighdeáin Rialachais
- Bailiú Sonraí agus Tuairisciú

## Cuspóir 1: Soláthar Tithíochta - chun an Easpa Dídine a chosc agus chun Bealaí amach as an Easpa Dídine a chur ar fáil

- Tithíocht shóisialta nua a phleanáil agus a sholáthar go réamhghníomhach, tithíocht a bheidh ag teacht leis an riachtanas ó thaobh líon agus cineál tithe de
- Grúpaí áirithe daoine san áireamh
  - Daoine gan dídean
  - An Lucht Siúil
  - Daoine atá faoi Mhíchumas
  - Daoine scothaosta
- Dul i ngleic le foirgnimh thréigthe, folúis agus foirgnimh fholmha
- Tionóntaí in situ
- CBL
- Tionóntachtaí ÍCT agus SCC
- Monatóireacht a dhéanamh ar Ligean Gearrthéarma
- Tithíocht ar cíos de réir costais agus Tithíocht Inacmhainne

| **Cuspóir Gníomh** | **Soláthar Tithíochta** | **Spriocanna** | **Comhlachtaí Freagracha** | **Tráthchlár** |
|---|---|---|---|---|
| 1.1 | Cuid riachtanach den Easpa Dídine a chosc agus chun Daoine a bhogadh ar aghaidh ón Easpa Dídine ná níos mó tithíocht shóisialta a sholáthar<br><br>Cur le soláthar na tithíochta sóisialta le nach mbuailfidh an easpa dídine daoine agus chun tionóntachtaí inbhuanaithe a chur ar fáil | Spriocanna atá lena meas i gcomhthéacs an phlean seo<br><br>Soláthrófar méid áirithe aonaid tithíochta sóisialta<br><br>Méid na n-aonad tithíochta sóisialta a sholáthrófar - aon seomra leapa, tithe níos mó, srl. | ÚÁ | Leanúnach |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 1.2 | Cóiríocht a sholáthar do Thaistealaithe i gcomhréir le Cláir Chóiríochta do Thaistealaithe | An líon teaghlach ón Lucht Siúil a gcuirfear cóiríocht ar fáil dóibh<br><br>Laghdú ar an líon teaghlaigh den Lucht Siúil i gCóiríocht Éigeandála | ÚÁ/CCT | Leanúnach |
| 1.3 | Gníomhartha spriocdhírithe a mheas chun tacú le Teaghlaigh den Lucht Siúil, teaghlaigh a stopadh ó bheith buailte ag an Easpa Dídine Éigeandála agus tacú leo bogadh ar aghaidh ón Easpa Dídine Éigeandála | Cruinniú a ghairm de ghníomhaireachtaí cuí le céimeanna dearfacha a phlé chun dul i ngleic le dúshláin | ÚÁ, ENR, Seirbhís Idirghabhála don Lucht Siúil, LTACC, GTM | R2 2025 agus go leanúnach |
| 1.4 | Tá Pleananna Straitéiseacha ag Údaráis Áitiúla chun Tithíocht a chur ar fáil do Dhaoine atá faoi mhíchumas, atá ag teacht leis an Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, 2022-2026.<br><br>Athbhreithniú a dhéanamh go rialta ar spriocanna le go mbeidh siad ag teacht i gcónaí leis na Measúnuithe ar Riachtanais don Tithíocht Shóisialta.<br><br>Spriocanna soláthair a bhaint amach mar atá leagtha amach sa Phlean. Féadfar go ndéanfar iad a leasú i gcomhréir leis na Measúnuithe ar Riachtanais don Tithíocht Shóisialta.<br><br>(Féach Tábla A1.5: An chúis is mó a bhfuil gá le tacaíocht tithíochta sóisialta ó Údarás Áitiúil, leathanach | An líon tithe do dhaoine faoi mhíchumas atá curtha ar fáil/iarfheistithe.<br><br>Laghdú ar an líon daoine faoi mhíchumas atá i mbaol ón easpa dídine agus ar an Liosta Feithimh do Thithíocht Shóisialta. | ÚÁ/CCT | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | 46, Measúnú 2023 ar Riachtanais don Tithíocht Shóisialta – an leagan is úire in am scríofa an phlean seo) | | | |
| 1.5 | Dul i mbun plé le comhlachtaí ceadaithe tithíochta maidir le áitribh chuí a thógáil/a fháil chun riachtanais tosaíochta easpa dídine a shásamh, go háirithe i dtaca le spásanna 1 sheomra leapa agus áitribh níos mó, is é sin 4 sheomra leapa nó os a chionn.<br>Teaghlaigh gan dídean<br>An Lucht Siúil<br>Daoine atá faoi Mhíchumas<br>Daoine scothaosta<br>Dreamanna leochaileacha eile | An líon aonad arna gcur ar fáil agus an líon teaghlach dá gcuirtear tithíocht ar fáil<br><br>An líon d'áitribh 1 sheomra leapa agus 4+ sheomra leapa arna bhforbairt/bhfáil, cásanna trí Chuid V san áireamh. | ÚÁ/CCT | Leanúnach |
| 1.6 | Díriú ar chláir folús agus áitreabh folamh ionas go ndéanfar áitribh de chuid Údaráis Áitiúla a dháileadh chomh gasta agus is féidir.<br><br>Obair abhcóideachta a dhéanamh leis an Roinn Tithíochta mar is gá le go mbeidh leibhéal sásúil maoinithe ann do chláir folús agus áitreabh folamh<br><br>Dul i ngleic leis an dearóiliú agus iarrachtaí éifeachtacha a dhéanamh le foirgnimh/láithreacha tréigthe a thabhairt ar ais in úsáid ghníomhach. | Laghdú ar an líon folús<br><br>Laghdú ar líon na bhfolús seanré<br><br>Líon na n-áitreabh/láithreacha tréigthe ar ais in úsáid ghníomhach arís | | |
| 1.7 | Leanúint ar aghaidh leis an scéim Tionóntaí in Situ, Scéimeanna Trasteorann san áireamh, mar bheart leis an easpa dídine a chosc i gcomhthéacs fógraí fágála bailí. | An líon fógraí fágála socraithe faoin scéim Tionóntaí in Situ. | Údaráis Áitiúla - Cathair na Gaillimhe/Contae na | Leanúnach |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | Gaillimhe/Maigh Eo/Ros Comáin | |
| 1.8 | Moladh do theaghlaigh atá i mbaol ón easpa dídine le triail a bhaint as Córais Rogha Tithíochta. | Údaráis áitiúla le hoiliúint ar Chórais Rogha Tithíochta a chur ar fáil.<br><br>Tacú le hoibrithe in eagraíochtaí neamhrialtasacha le dul i dtaithí ar phróisis a bhaineann le Córais Rogha Tithíochta i ngach údarás áitiúil. | ENR/ÚÁ. | R1 2024 |
| 1.9 | Leanúint ar aghaidh leis an bhfeachtas eolais / margaíocht chun méadú a bhaint amach ar an líon tiarnaí talún / gníomhairí eastáit a dhéanann tionóntachtaí SCC agus ÍCT a thairiscint | Feachtas bliantúil eolais / cumarsáide a bhíonn ag gach údarás áitiúil sa Réigiún | Ceannaire an ÚÁ um Aonaid do Dhaoine gan Dídean / gach ball den Ghrúpa Comhairleach um an Easpa Dídine | Leanúnach |
| 1.10 | An tSeirbhís Aimsithe Áite a fheidhmiú go leanúnach sa Réigiún iomlán | An líon teaghlach a gheobhaidh tionóntachtaí faoi thacaíocht ó SCC agus ÍCT. | Aonaid an ÚÁ do Dhaoine gan Dídean | 2025-2027 |
| 1.11 | Gach ÚÁ chun athbhreithniú a dhéanamh ar na cíosanna iníoctha faoi scéim ÍCT.<br><br>Dul i mbun plé leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO) maidir le rátaí ÍCT agus suimeanna breise lena n-íoc le tiarnaí talún. | Tionóntachtaí ÍCT faighte agus coinnithe.<br><br>Méid lánroghnach breise curtha le sprioc-chásanna ar ÍCT. | Fóram Comhairleach RTRÁO / Rannóga Tithíochta ÚÁ | Athbhreithniú bliantúil |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Féachaint le go mbeidh ráta lánroghnach suas le 50% ann ar aon dul le ÚÁ Bhaile Átha Cliath.<br><br>Breithiúnas a úsáid chun an cíos a bhíonn iníoctha ag tionóntaí a laghdú go leibhéal inacmhainne i gcomhthéacs gnáthrátaí cíosa i ngach ÚÁ | | | |
| 1.12 | Rialacháin maidir le cíos gearrthéarma a fhorfheidhmiú | Laghdú ar an líon cásanna neamhchomhlíontacha de ligean gearrthéarma ar cíos agus méadú, b'fhéidir, ar an líon áitreabh a bheadh ar fáil mar áit chónaithe | ÚÁ | |
| 1.13 | Deiseanna a aimsiú do theaghlaigh nach bhfuil incháilithe don Tithíocht Shóisialta le leas a bhaint as Scéimeanna Cíosa Costais agus Scéimeanna Tithíochta Inacmhainne | An líon tithe a bhainfidh leas as Scéimeanna Cíosa Costais agus Scéimeanna Tithíochta Inacmhainne | ÚÁ/CCT | Leanúnach |

## Cuspóir 2: An Easpa Dídine a Chosc agus Cothú Tionóntachtaí

- Ionchur luath spriocdhírithe a chur ar fáil ionas nach gcaillfear tionóntacht, chun daoine a athlonnú má bhíonn siad i mbaol ón easpa dídine agus an tacaíocht riachtanach a chur ar fáil do dhaoine le go mbeifear in ann tionóntachtaí a choinneáil chun nach rachaidh daoine tríd an easpa dídine arís agus arís eile
- Lánpháirtiú Sóisialta
- Bailiú sonraí agus tuairisciú a fheabhsú

| **Cuspóir Gníomh** | **Easpa Dídine a Stopadh** | **Spriocanna** | **Comhlachtaí Freagracha** | **Tráthchlár** |
|---|---|---|---|---|
| **An Easpa Dídine a Chosc agus Seirbhísí Cothaithe Tionóntachtaí** | | | | |
| 2.1 | Leanúint ar aghaidh le samhlacha oibre éifeachtacha comhoibríocha idir gníomhaireachtaí ar Easpa Dídine a Chosc agus Cothú Tionóntachtaí, agus iad a fheabhsú, samhlacha a forbraíodh leis an easpa dídine a chosc sa Réigiún sa tréimhse a bhain leis an bPlean roimhe seo. | An líon teaghlach a gcuirfear socrú eile ar fáil dóibh seachas an easpa dídine éigeandála | ÚÁ, Clann Shíomóin na Gaillimhe, COPE na Gaillimhe | Leanúnach |
| 2.2 | Athbhreithniú a dhéanamh ar sheirbhísí chun Easpa Dídine a Chosc agus seirbhísí Cothaithe Tionóntachtaí sa Réigiún ag féachaint le samhail dea-chleachtais a dhéanamh amach, le seirbhísí a fheabhsú agus leis an dea-chleachtas agus torthaí a thaifeadadh agus a thuairisciú.<br><br>Agus an t-athbhreithniú déanta, aon mholtaí ann a chur i bhfeidhm | Forbairt agus feabhsú leanúnach ar sheirbhísí chun Easpa Dídine a Chosc agus seirbhísí Cothaithe Tionóntachtaí sa Réigiún | ÚÁ/ENRanna/RTRÁO | 2026/7 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 2.3 | ÚÁnna le bheith ag obair i gcomhar leis na foirne idirghabhála luaithe um Chosc Pras agus um Easpa Dídine a Chosc in ENRanna leis an líon teaghlach a bhainfidh leas as Cóiríocht Éigeandála a choinneáil go híseal agus is féidir<br><br>Cur le hacmhainní chun tacaíocht dlí agus chomhairleach a thabhairt chun plé le Fógraí Fágála | An líon teaghlach a gcuirfear socrú eile ar fáil dóibh seachas an Chóiríocht Éigeandála<br><br>Comhairle agus tacaíocht go pras | ÚÁnna/Clann Shíomóin na Gaillimhe/COPE na Gaillimhe<br><br>ÚÁnna, ENRanna, Threshold | Leanúnach |
| 2.4 | Taighde le déanamh ar ghrúpaí sa réigiún atá i mbaol ón easpa dídine le bonn eolais a chur ar fáil d'idirghabhálacha coisctheagus freagairtí tithíochta agus cóiríochta agus tacaíochtaí, lena n-áirítear<br>• Cíosaithe príobháideacha atá níos sine<br>• Leanaí i dteaghlaigh atá buailte go fadtéarmach leis an easpa dídine sa réigiún sa tréimhse ó bhí Márta 2015 ann (easpa dídine idirghlúine) | Freagairtí beartaithe coisctheagus, tithíochta agus cóiríochta do dhreamanna leochaileacha | ÚÁ, ENR | 2025 |
| **Lánpháirtiú Sóisialta agus Forbairt Pobail** | | | | |
| 2.5 | Tacú le daoine bláthú ina dtionóntachtaí, páirt ghníomhach a ghlacadh sa phobal agus blaiseadh a fháil den mhuintearas. Tá róil a mbaineann luach sóisialta leo ina dtacaíocht do thionóntachtaí inchothaithe.<br><br>Tacú leis an rannpháirtíocht ghníomhach iontu seo, mar shampla:<br>Imeachtaí Pobail<br>Oiliúint<br>Oideachas<br>Fostaíocht | Clár Chlann Shíomóin na Gaillimhe don Lánpháirtiú Sóisialta<br><br>WorkAbility (Cumas Oibre) - Conairí chun Fostaíochta<br><br>Stiúideo Foghlama Ardán Fhionnbharra | Comhairle Cathrach na Gaillimhe / Clann Shíomóin na Gaillimhe | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Tacaíochtaí Pobail ó COPE na Gaillimhe do dhaoine scothaosta i gCathair na Gaillimhe | Comhairle Cathrach na Gaillimhe / COPE na Gaillimhe | |
| **Bailiú Sonraí agus Tuairisciú** | | | | |
| 2.6 | Féachaint lena chinntiú go mbaileofar sonraí ardchaighdeáin ar an easpa dídine a chosc agus go mbeidh na sonraí sin le feiceáil ar an gcóras PASS.<br><br>Leis an méid seo a sholáthar, moltar gur chóir tús a chur leis an obair arís le Comhéadan Feidhmchláir cuí a chruthú lena nascadh le hardáin eile ar a mbíonn an córas náisiúnta PASS le fáil. | Oiliúint ar PASS le cur ar fáil do gach údarás áitiúil don bhailiú sonraí agus tuairisciú ar shonraí.<br><br>Comhéadan Feidhmchlár forbartha chun léiriú a thabhairt ar obair coiscthe easpa dídine ar an gcóras PASS<br><br>Torthaí a bhíonn ag daoine a fhaigheann seirbhísí coiscthe a thaifeadadh agus a mhonatóiriú. | RTRÁO / ÚÁnna / ENRanna / comhpháirtithe san earnáil dheonach agus charthanach / Feidhmeannas BÁC do Dhaoine gan Dídean | 2025 |

## Cuspóir 3: Bealaí amach as an Easpa Dídine

- **Tacú leis an aistriú** ón gcodail amuigh, ó chóiríocht éigeandála nó cóiríocht eile do dhaoine gan dídean isteach chuig tionóntachtaí fadtéarma, cuir i gcás
    - Tithíocht do dhaoine agus teaghlaigh atá gan dídean le fada
    - Modhanna de réir na dteoiricí a bhaineann le Tithíocht ar dTús/Bunaithe ar Thithíocht
    - Tithíocht Phobalbhunaithe idirthréimhse a sholáthar, chomh maith le tacaíochtaí tionóntachta
    - Seirbhísí Tacaíochta Ardleibhéil
- **Freagairtí sonracha cóiríochta** a dhearadh agus a fhorbairt chun freastal ar na riachtanais a bhíonn acu siúd a dteastaíonn Tithíocht faoi Thacaíocht uathu, cuir i gcás Seirbhísí Tacaíochta Ardleibhéil agus sciath-thithíocht do dhaoine a bhfuil riachtanais tacaíochta acu ó thaobh cúram sóisialta de.
- **Dreamanna Imeallaithe agus Leochaileacha**
- **Cúram agus bainistiú cáis comhtháite**

| **Cuspóir** | **Bealaí amach as an Easpa Dídine** | **Spriocanna** | **Comhlachtaí Freagracha** | **Tráthchlár** |
|---|---|---|---|---|
| **Tacú le Daoine bogadh ar aghaidh ón Easpa Dídine – Leithdháiltí** | | | | |
| 3.1 | An cás a throid ar son teaghlaigh gan dídean i gcónaí<br><br>Tithe a leithdháileadh go leanúnach ar theaghlaigh gan dídean i gcomhréir le straitéis an Údaráis Áitiúil (Scéimeanna Áitreabh Cíosa) agus é sin a shocrú de réir ord tosaíochta de réir mar is cuí. | Tithíocht shóisialta chuí a leithdháileadh ar theaghlaigh gan dídean i gcóiríocht éigeandála.<br><br>Tacaíochtaí sonracha a chur ar fáil do dhaoine aonair agus do dhaoine atá gan dídean san fhadtéarma le tithíocht shóisialta chuí a fháil agus le bogadh ar aghaidh ón easpa dídine.<br><br>Laghdú ar an líon daoine a bheidh > 6 mhí i gcóiríocht phríobháideach éigeandála agus cóiríocht ghearrthéarma. | Údaráis Áitiúla | Leanúnach |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Laghdú ar an líon daoine a bheidh > 6 mhí i gcóiríocht phríobháideach éigeandála, cóiríocht ghearrthéarma agus cóiríocht doras féin idirthréimhse. | | |
| **Tacú le Daoine bogadh ar aghaidh ón Easpa Dídine – Tithíocht ar dTús agus Bunaithe ar Thithíocht** | | | | |
| 3.2 | An Plean Feidhmithe Tithíocht ar dTús, 2022-2026, a chur i bhfeidhm go leanúnach i ngach limistéar Údaráis Áitiúil, ar na bealaí seo:<br>• cruinnithe rialta de na foirne gníomhaíochta um easpa dídine i ngach limistéar,<br>• cóiríocht chuí a aimsiú go réamhghníomhach do chliaint incháilithe Tithíocht ar dTús, go háirithe cóiríocht aon seomra leapa amháin,<br>• teagmháil éifeachtach, iomlánaíoch, mhuiníneach agus tacaíochtaí cuimsitheacha | Sprioc de líon Tionóntachtaí faoi Thithíocht ar dTús a bhaint amach ar a laghad, ach a shárú más féidir<br>• Cathair na Gaillimhe 30<br>• Contae na Gaillimhe 18<br>• Contae Mhaigh Eo 10<br>• Contae Ros Comáin 7 | Údaráis Áitiúla / Cúram Sláinte Pobail an Iarthair FSS / Meabhairshláinte Pobail FSS / Foirne Gníomhaíochta um Easpa Dídine / Gníomhaireacht Tithíochta / Oifig Náisiúnta Tithíocht ar dTús / Clann Shíomóin na Gaillimhe / COPE na Gaillimhe | Leanúnach |
| 3.2 | Soláthraí seirbhíse oiriúnach a fháil don tionscadal Tithíocht ar dTús | Comhaontú Seirbhíse nua don tionscadal Tithíocht ar dTús sa Réigiún | Oifig an tionscadail Tithíocht ar | Ráithe 1 2025 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | dTús/ÚÁnna/ FSS | |
| 3.3 | Rannpháirteachas ainmní ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe mar Ionadaí ón Údarás Áitiúil ar Ghrúpa Feidhmithe Náisiúnta an tionscadail Tithíocht ar dTús. | Tuairisciú gach ráithe ar bhaint amach spriocanna.<br><br>Rannpháirteachas i gcruinnithe gach ráithe. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | Leanúnach |
| 3.4 | Páirt a ghlacadh go leanúnach i dtaighde agus i bhfóraim a bhaineann le forbairt a dhéanamh ar an gclár Tithíocht ar dTús i gcomhréir leis an dea-chleachtas a thagann chun cinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta | Forbairt leanúnach ar an gclár Tithíocht ar dTús sa Réigiún | ÚÁnna, FSS, ENRanna agus gach comhpháirtí cuí | Leanúnach |
| 3.5 | Breathnú ar réiteach eile a theastaíonn don 10-15% de chliaint ar an gclár Tithíocht ar dTús a dteastaíonn leibhéil níos airde tacaíochta agus/nó múnla eile uathu.<br>Nuair a chuaigh Sam Tsemberis isteach chuig Tithíocht ar dTús an Iarthair i mí na Samhna 2024, bhreathnaigh na foirne idirghníomhaireachta ar chás-staidéir leis. As an bplé seo, bhí tuiscint ghinearálta ann nach bhfuil an tithíocht neamhspleách doras féin ar an réiteach is fearr do 10-15% nó mar sin dár ngrúpa cliant sa chlár Tithíocht ar dTús.<br>Seans go mbeadh spás sa tSeirbhís le go mbeadh bloc ann agus baill foirne ann, b'fhéidir 6 árasán ann, ina ndéanfaí an doras tosaigh a bhainistiú agus ina mbeadh tacaíocht áirithe ar an láthair.<br>Tá an rogha seo ann mar chuid den tSeirbhís iomlán in áiteanna eile, san Fhionlainn mar shampla. | Grúpa curtha ar bun le réiteach eile a phlé agus moltaí déanta | ÚÁnna / FSS / Oifig Náisiúnta an chláir Tithíocht ar dTús / Clann Shíomóin na Gaillimhe / COPE na Gaillimhe | Le tosú in 2025 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Dá mbeimis chun réiteach mar seo a chur ar fáil mar chuid den tSeirbhís, b'fhéidir go mbreathnófaí ar a leithéid a dhéanamh ar bhonn Réigiúnach mar chuid de chlár píolótach. Dá mbeadh an foirgneamh suite i limistéar sa Réigiún a thagann faoi scáth Údarás Áitiúil amháin, mar shampla, agus cliant i limistéar in Údarás Áitiúil eile agus riachtanais mhóra chasta ag an duine sin, ní bheadh teorainneacha na nÚdarás Áitiúil ina gconstaic don duine fáil a bheith acu ar an tSeirbhís sa Réigiún. | | | |
| 3.6 | Ábhar oideachais a chur le chéile agus scéalta dearfacha ann ó dhaoine faoin gclár Tithíocht ar dTús agus béim á leagan ar rath ginearálta an chláir bunaithe ar staitisticí cuir i gcás rátaí cothaithe tionóntachtaí<br>Tá an moladh seo ann mar thoradh ar an bplé a bhí againn le Sam Tsemberis. I gcás cuid de na cásanna níos casta, ina mbeadh leibhéil shuntasacha gearán, b'fhéidir, dírítear níos mó ná mar is cóir orthu i ngníomhaireachtaí áirithe agus d'fhéadfadh a leithéid cur isteach ar thuiscint duine ar an tSeirbhís | Ábhar ullmhaithe<br><br>Níos mó tuairimí dearfacha faoin gclár a chur chun cinn agus a fhorbairt | ÚÁnna / FSS / Slí Nua / Oifig Náisiúnta an chláir Tithíocht ar dTús / Clann Shíomóin na Gaillimhe / COPE na Gaillimhe | |
| 3.7 | Dul i mbun oibre ar bhonn leanúnach le Soláthraithe Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean agus le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta chun tionóntachtaí bunaithe ar thithíocht a chruthú agus chun tacú leo ag obair i gcomhar leis an gclár Tithíocht ar dTús, sin do dhaoine agus do theaghlaigh a bhfuil riachtanais chasta acu agus nach gcomhlíonann na critéir sa chlár Tithíocht ar dTús. | An líon tionóntachtaí cruthaithe faoin gclár Tithíocht ar dTús<br><br>Tacaíocht chuí curtha ar fáil agus tionchar cuí ann<br><br>Tionóntachtaí cothaithe | ÚÁnna/Clann Shíomóin na Gaillimhe/COPE na Gaillimhe | Leanúnach |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 3.8 | Clár píolótach don Tithíocht faoi Thacaíocht bunaithe ar Thithíocht do Theaghlaigh a chur i bhfeidhm agus na nithe seo mar chuid de:<br>• Ceithre áit chónaithe, ceadúnaithe le ENR, le tithíocht faoi thacaíocht a chur ar fáil;<br>• Tacaíochtaí cúraim á gcur ar fáil do na teaghlaigh ag TUSLA agus FSS<br>• Grúpa maoirseachta agus grúpa feidhmithe ag tacú leis an gclár píolótach agus ag tuairisciú ar thorthaí. | Téarmaí tagartha forbartha don ghrúpa feidhmithe.<br><br>Grúpa feidhmithe curtha ar bun don chlár píolótach.<br><br>Teaghlaigh aimsithe agus áitribh faighte.<br><br>4 theaghlach i dtithíocht agus tacaíochtaí acu<br>(2 theaghlach i gCathair na Gaillimhe, 2 theaghlach i gContae na Gaillimhe)<br><br>Maoirseacht agus tuairisciú ar an gclár píolótach | ÚÁnna/ENRanna/TUSLA/FSS/RTRÁO | Leanúnach |
| 3.9 | Riachtanais chasta ag teaghlaigh in easpa dídine éigeandála/fadtéarma a réiteach<br><br>Féachaint chuige nach gcuirfear leis na dúshláin a bhíonn roimh dhaoine a bhfuil riachtanais chasta acu mar gheall ar bheith buailte ag an easpa dídine éigeandála. Tá an idirghabháil luath riachtanach má táthar lena chinntiú nach n-éireoidh an easpa dídine éigeandála níos measa agus níos measa arís.<br><br>Foirne Gníomhaíochtaí um Easpa Dídine a chur ar bun a bheidh in ann teaghlaigh a mbeadh riachtanais chasta acu a shonrú agus a chinnteoidh go ndéanfar measúnaithe agus go gcuirfear tacaíocht chuimsitheach | I gcás údaráis áitiúla a bhfuil níos mó teaghlach iontu agus iad gan dídean ar bhonn éigeandála, foirne gníomhaíochta um easpa dídine a chur le chéile chun tacú le teaghlaigh, bunaithe ar na foirne atá i bhfeidhm cheana<br><br>I gcás údaráis áitiúla a bhfuil níos lú teaghlach iontu agus iad gan dídean ar bhonn éigeandála, ba chóir cur le téarmaí tagartha na bhfoirne | ÚÁnna / TUSLA / FSS / an tSeirbhís Promhaidh / Soláthraithe Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean agus gníomhaireachtaí eile / dreamanna eile mar is | 2025 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | ar fáil le go mbeidh an tionchar ón easpa dídine ar leanaí chomh beag agus is féidir. | gníomhaíochta um easpa dídine leis na Teaghlaigh a chur san áireamh iontu<br><br>Measúnuithe cuimsitheacha á ndéanamh go luath<br><br>Laghdú ar an am a chaitear i gCóiríocht Éigeandála<br><br>Maolú ar an riosca go gcuirfear leis an tráma a mbíonn daoine gan dídean ar bhonn práinneach ag plé leis cheana | cuí i gcásanna faoi leith | |

| Tacú le Daoine bogadh ar aghaidh ón Easpa Dídine – Tithíocht Phobalbhunaithe agus Athlonnú | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 3.10 | Tithíocht a aimsiú ar bhonn leanúnach lena húsáid mar Thithíocht Phobalbhunaithe chun tithíocht cheadúnaithe faoi thacaíocht a chur ar fáil mar mhalairt rogha ar Chóiríocht Éigeandála agus mar bhealach faoi thacaíocht i dtreo tionóntacht fhadtéarmach do dhaoine aonair agus do theaghlaigh a bhfuil riachtanais faoi leith acu ar fud an Réigiúin. | An líon daoine gan dídean i ngach Contae/ ÚÁ a fhaigheann cóiríocht i dtithíocht sa phobal. | Údaráis Áitiúla / ENRanna | Leanúnach |
| 3.11 | Forbairt ar an Tithíocht Phobalbhunaithe i gContae na Gaillimhe do dhaoine singile gan dídean ag roinnt spáis agus ar sheirbhísí tacaíochta cuí. | 7 n-áitreabh le bheith faighte, 4 cinn eile aimsithe a bhfuil athchóiriú á dhéanamh orthu agus na 3 cinn eile le haimsiú agus le fáil in 2025.<br>Táthar le cur leis an tseirbhís tacaíochta reatha. | Comhairle Chontae na Gaillimhe / ENR | 2025/2026 |
| 3.12 | An Chomhairle Contae chun clár Tithíochta Pobalbhunaithe a chruthú i Maigh Eo i gcomhar le Clann Shíomóin na Gaillimhe mar mhalairt rogha ar an gcóiríocht éigeandála phríobháideach/cóiríocht éigeandála le daoine eile. An Chomhairle le maoine a aimsiú, a chuirfear ar fáil ar ceadúnas do Chlann Shíomóin na Gaillimhe a chuirfidh seirbhísí cuí ar fáil: oibrí bunriachtanach, bainistiú cáis agus athlonnú. | Áitribh á n-aimsiú ag an gComhairle.<br>Tacaíocht. Seirbhísí á soláthar ag Clann Shíomóin na Gaillimhe.<br><br>Seirbhís a chur ar bun i Maigh Eo agus 10 leaba ann. | Comhairle Chontae na Gaillimhe / Clann Shíomóin na Gaillimhe | 2025<br>Leanúnach |
| 3.13 | Seirbhís Tithíochta Pobalbhunaithe agus Athlonnaithe a chruthú i Ros Comáin agus seirbhísí tacaíochta á gcur ar fáil. An Chomhairle le maoine a aimsiú, a chuirfear ar fáil ar ceadúnas do Chlann Shíomóin na Gaillimhe a chuirfidh seirbhísí cuí ar fáil: oibrí bunriachtanach, bainistiú cáis agus athlonnú. | Seirbhís a chur ar bun i Ros Comáin agus 8 leaba ann. | Comhairle Contae Ros Comáin / Clann Shíomóin na Gaillimhe | 2025<br>Leanúnach |

| Tacú le Daoine bogadh ar aghaidh ón Easpa Dídine – Freagairtí ardleibhéil Tacaíochta agus Cóiríocht faoi Leith | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 3.14 | Leanúint ar aghaidh leis an gcomhar idir gníomhaireachtaí le Cóiríocht Fadtéarma faoi Thacaíocht/Seirbhísí Ardleibhéil a sholáthar d'fhir agus do mhná i gCathair na Gaillimhe nach bhfuil in ann maireachtáil go neamhspleách. | Comhar idir gníomhaireachtaí chun cóiríocht chuí agus cúram ardchaighdeáin a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil riachtanais chasta acu agus cúlra den easpa dídine le fada nó rialta. | ÚÁnna / FSS / Clann Shíomóin na Gaillimhe | |
| 3.15 | Is gá seirbhísí reatha a athfhorbairt chun cóiríocht inrochtana a chur ar fáil atá níos oiriúnaí.<br><br>Teastaíonn comhpháirtíocht shoiléir idir FSS agus an tÚdarás Áitiúil i soláthar agus forbairt Tionscadal Caipitiúil trína gcuirfear ar fáil cóiríocht ardtacaíochta shaindeartha dóibh siúd a bhfuil na riachtanais is casta acu. | Spriocanna a leagan síos chun cur leis an líon Aonaid Ardtacaíochta atá i gCathair na Gaillimhe chun deis fadtéarma a thabhairt d'fhir sna Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean atá níos sine. | ÚÁnna / FSS / Clann Shíomóin na Gaillimhe RTRÁO/an Roinn Sláinte | |
| 3.16 | Is riachtanach go mbeifear in ann níos mó Cóiríocht Fadtéarma faoi Ardtacaíocht a chur ar fáil do Mhná a bhfuil na riachtanais is casta acu agus do na mná is mó atá i mbaol ón bhforéigean agus ón dúshaothrú. | Níos mó acmhainní do Sheirbhís Ardtacaíochta do mhná (4 leaba faoi láthair) sa tSeirbhís, ceaptha chun freastal ar na riachtanais faoi leith a bhíonn ag mná atá an-leochaileach | ÚÁnna / FSS / Clann Shíomóin na Gaillimhe / RTRÁO / an Roinn Sláinte | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 3.17 | Dul chun cinn a dhéanamh le cóiríocht céim síos/idirthréimhse a sholáthar do mhná (agus a leanaí) agus iad ag imeacht ón tearmann ó dhrochíde teaghlaigh i gcathair na Gaillimhe má bhíonn siad gan lóistín agus má theastaíonn tacaíocht uathu maidir leis an drochíde teaghlaigh ach más rud é nach dteastaíonn tearmann sábháilte uathu níos mó. | Cóiríocht céim síos / aistrithe do mhná (agus leanaí) a bhíonn ag imeacht ó thearmann. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe, COPE na Gaillimhe, Cuan | Leanúnach |
| 3.18 | Forbairt a dhéanamh ar Thearmann ón bhForéigean Baile agus réiteach meántéarma tithíochta gaolmhar do theaghlaigh a bhíonn ag éalú ó chásanna den fhoréigean baile. | Áis 12/14 leaba le cur ar fáil.<br>Áit chuí a aimsiú, plé le comhlachtaí cuí, maoiniú a aimsiú agus é a fhorbairt dá réir | Comhairle Chontae na Gaillimhe / RTRÁO /TUSLA / Cuan / ENRanna | Leanúnach |
| 3.19 | Áitribh a leithdháileadh lena n-úsáid mar aonaid idirthréimhse ar ceadúnas do theaghlaigh a bhíonn ag imeacht ón Tearmann ón bhforéigean baile. | 3 aonad le haimsiú sa Chontae. | Comhairle Chontae na Gaillimhe | 2026 |
| 3.20 | Áitreabh meántéarma tithíochta faoi thacaíocht 24/7 a chruthú don tithíocht roinnte i mbaile mór i gContae na Gaillimhe do dhaoine leochaileacha gan dídean a bhfuil riachtanais chasta acu. | Áitreabh faighte.<br>Seirbhís tacaíochta 24/7 le forbairt agus a sholáthar. | Comhairle Chontae na Gaillimhe / ENR | 2025-2027 |
| **Dreamanna Imeallaithe agus Leochaileacha** | | | | |
| 3.21 | Beartais agus próisis náisiúnta a chur i bhfeidhm chun bheith ag smaoineamh chun tosaigh ar na riachtanais a bheidh ag na grúpaí leochaileacha a mheasfar iad a bheith gan dídean, cuir i gcás:<br>• Daoine óga ag fágáil an chúraim<br>• Daoine a d'fhulaing Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe (i gcomhréir leis an mbeartas náisiúnta) | Seirbhísí éifeachtacha do Dhaoine Óga gan Dídean<br>Seirbhísí éifeachtacha do mhná agus daoine a d'fhulaing foréigean baile<br>Seirbhísí istigh sa phríosún | ÚÁnna/TUSLA/an Roinn Sláinte/FSS /an tSeirbhís Príosún/an | Leanúnach |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | • Daoine á saoradh ó phríosún (ciontóirí gnéis ina measc)<br>• Daoine á ligean amach as an ospidéal<br>• Daoine ag fágáil Ionaid don Soláthar Díreach<br>• Daoine a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu<br>• Daoine atá néara-éagsúil<br>• Daoine den phobal LADTAI+ | Iarratas gníomhach ar thithíocht le bheith ag príosúnaithe agus iad á saoradh ón bpríosún<br>Prótacail le hospidéil ionas nach ligfear aon daoine amach as an ospidéal agus iad gan dídean<br>Oibriú i gcomhar le Depaul le cóiríocht a fháil do dhaoine a fhágann an Soláthar Díreach<br>Forbairt a dhéanamh go leanúnach ar sheirbhísí tacaíochta meabhairshláinte mar fhreagra ar an méadú ar an líon cliant agus ar chastacht na riachtanas acu | tSeirbhís Promhaidh/ ENRanna | |
| 3.22 | Straitéis LADTAI+ a fhorbairt agus an cás a mheas faoinar féidir cóiríocht báúil le daoine LADTAI+ a chur ar bun. | Straitéis lena cur i gcrích faoi dheireadh 2025.<br><br>An líon daoine a chuirtear i socrú cóiríochta cuí. | RTRÁO/ÚÁ/ CCT/FSS/T USLA | Ráithe 4 2025 |
| **Cúram agus Bainistiú Cásanna** | | | | |
| 3.23 | Cúram agus bainistiú cásanna do dhaoine leochaileacha, na dreamanna leochaileacha a aithnítear thuas ina measc<br><br>Forbairt a sheirbhísí tacaíochta in ENRanna chun tacaíocht ó oibrí bunriachtanach / oibrí tionscadail a chur ar fáil do chliaint leochaileacha a bhfuil riachtanais tacaíochta ar leibhéal íseal, measartha agus ard acu | Forbairt ar an obair a dhéanann oibrithe bunriachtanacha, ar chúram agus ar an mbainistiú cásanna idir ENRanna, Oibrithe Sóisialta san ÚÁ agus foirne tithíochta.<br><br>Comhordú tacaíochtaí idirghníomhaireachta dóibh siúd a bheadh i ngéarchéim nó ag plé le teagmhais éigeandála a mbeadh | ENRanna agus ÚÁnna cuí, FSS, Iarchúram TUSLA, an tSeirbhís Promhaidh, an tSeirbhís Príosún, Cuan | 2025 agus go leanúnach |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | sé doiligh iad a thuar; tacaíocht don mheasúnú agus tacaíocht ó oibrí bunriachtanach do dhaoine leochaileacha; tacaíocht chun teacht ar sheirbhísí meabhairshláinte agus síceolaíocha chomh maith le tacaíocht sláinte agus folláine; cearta sóisialta agus leasa agus nithe a mbeidís ina dteideal.<br><br>Tacaíocht le go mbeidh daoine in ann dul ar aghaidh go héifeachtach go tacaíochtaí fadtéarma tithíochta agus cóiríochta, socruithe a mhairfidh agus a bheidh inbhuanaithe dóibh siúd a mbíonn riachtanais chasta tacaíochta acu i rith an ama | | |

## Cuspóir 4: Cosaint do dhaoine a bhíonn ag codladh amuigh agus daoine atá go speisialta leochaileach

Aidhm Ghinearálta: deireadh a chur leis an gcodladh amuigh sa Réigiún

Bearta chun tacú le daoine a bhíonn ag codladh amuigh agus an codladh amuigh a laghdú

For-rochtain sráide, Ionaid Lae, Freagairt don Aimsir Fhuar, Freagairt don Drochaimsir, Seirbhísí Éigeandála, Tacaíochtaí Sláinte agus Folláine

| **Cuspóir Gníomh** | **Cosaint daoine gan dídean** | **Spriocanna / Torthaí** | **Comhlachtaí Freagracha** | **Tráthchlár** |
|---|---|---|---|---|
| **Daoine a bhíonn ag codladh amuigh - Tacaíochtaí For-rochtana** | | | | |
| 4.1 | Leanúint ar aghaidh le tacaíochtaí for-rochtana do dhaoine a bhíonn ag codladh amuigh i gCathair na Gaillimhe. | Nach mbeidh aon duine ag codladh amuigh mar gheall ar easpa cóiríocht éigeandála a bheadh inrochtana, sábháilte agus cuí<br><br>An líon daoine a bhíonn ag codladh amuigh ag plé le Seirbhísí<br><br>An líon daoine a bhíonn ag codladh amuigh a thugtar isteach go Tithíocht ar dTús Éigeandála nó cóiríocht/seirbhísí eile; nó a fhilleann ar a n-áit dúchais/nach mbíonn ag codladh amuigh níos mó | Comhairle Cathrach na Gaillimhe / COPE na Gaillimhe | Leanúnach |
| 4.2 | Féachaint chuige go gcuirfear Cathair na Gaillimhe san áireamh agus cuntas á dhéanamh ar an líon daoine a bhíonn ag codladh amuigh go náisiúnta/go hidirnáisiúnta | Tuiscint níos fearr ar na riachtanais a bhíonn ag daoine a bhíonn ag codladh amuigh, an méid sin bunaithe | ÚÁ/ENR | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | ar staitisticí/tuarascálacha náisiúnta/idirnáisiúnta | | |
| 4.3 | Seirbhís struchtúrtha for-rochtana sráide seacht lá sa tseachtain i gCathair na Gaillimhe ina mbeifear ag cloí le prótacail dea-chleachtais | An líon uaireanta an chloig den fhor-rochtain sráide a chuirtear ar fáil. | COPE na Gaillimhe | Leanúnach |
| 4.4 | An líon daoine a bhíonn ag codladh amuigh i gContae na Gaillimhe, i Maigh Eo agus i Ros Comáin a mheas<br><br>Tacaíochtaí a athbhreithniú agus a mheas chun dul i ngleic leis na riachtanais a bhíonn ag daoine i gContae na Gaillimhe, i Maigh Eo agus i Ros Comáin a bhíonn ag codladh amuigh.<br><br>An cás a fhiosrú lena fháil amach an bhféadfaí seirbhís for-rochtana a chur i bhfeidhm lasmuigh den chathair don réigiún. | An líon daoine a bhíonn ag codladh amuigh a fheictear / a chomhairtear i ngach limistéar ÚÁ.<br><br>Nach mbeidh aon duine ag codladh amuigh mar gheall ar easpa cóiríocht éigeandála a bheadh inrochtana, sábháilte agus cuí<br><br>An líon daoine a bhíonn ag codladh amuigh a thugtar isteach go Tithíocht ar dTús Éigeandála nó cóiríocht/seirbhísí eile; nó a fhilleann ar a n-áit dúchais/nach mbíonn ag codladh amuigh níos mó<br><br>An líon daoine a bhíonn ag codladh amuigh agus a théann i mbun plé leis na foirne for-rochtana. | FGEDanna / ÚÁnna / ENRanna<br><br>FGEDanna / ÚÁnna / ENRanna<br><br>ÚÁnna/Soláthraí Seirbhíse<br><br>Aonaid an ÚÁ do Dhaoine gan Dídean - Co na Gaillimhe / Maigh Eo / Ros Comáin | 2025<br><br>Leanúnach<br><br>R2 2025 |
| 4.5 | Daoine nach bhfuil ionad leasa acu i gCathair na Gaillimhe agus a bhíonn ag codladh amuigh – cur chuige den idirghabháil luath agus cheannasach le glacadh chun cuidiú agus tacú leo filleadh go dtí a n-ionad leasa féin. | An próiseas measúnaithe tithíochta a chur i gcrích in am sásúil; cur chuige idirghníomhaireachta socraithe agus curtha i bhfeidhm; plé le hÚdaráis | Comhairle Cathrach na Gaillimhe, | Leanúnach |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Freagairt dhaonnúil a thabhairt do riachtanais sláinte a aithnítear | Áitiúla agus Ambasáidí, etc., chun tacú le daoine; laghdú ar an líon daoine a thagann isteach nach bhfuil limistéar leasa acu i gcathair na Gaillimhe/<br>Freagairt dhaonnúil nuair is gá. | FSS, COPE na Gaillimhe | |
| **Ionaid Lae** | | | | |
| 4.6 | Áitribh chuí a aimsiú agus a chur in úsáid nua mar ionad lae sealadach do dhaoine a chodlaíonn amuigh agus daoine gan dídean i gCathair na Gaillimhe agus Ionad Lae Theach Coiribe á athchóiriú. | Ionad Sealadach Lae aimsithe.<br>Ionad Sealadach Lae oscailte.<br><br>Líon daoine a úsáideann an tIonad Lae Sealadach. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe/ COPE na Gaillimhe | 2024/2025 |
| 4.7 | Athfhorbairt ar an Ionad Lae i gCathair na Gaillimhe chun seirbhísí iomlánaíocha a sholáthar chun freastal ar na riachtanais a bhíonn ag teaghlaigh gan dídean. | Athoscailt an Ionaid Lae athfhorbartha.<br><br>Acmhainní breise á gcruthú do sheirbhísí lae do dhaoine gan dídean i gCathair na Gaillimhe.<br><br>An líon daoine a úsáideann an tIonad Lae.<br><br>An líon seirbhísí a bhíonn ag plé le cliaint san Ionad Lae. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe/ / COPE na Gaillimhe | Ráithe 4 2026 |
| 4.8 | Tacú go leanúnach le daoine gan dídean agus le daoine i mbaol ón easpa dídine i nGaillimh Thoir agus i nGaillimh Theas, ó Ionad Acmhainní an Droichid i mBéal Átha na Sluaighe | Soláthar Seirbhísí Lae, Comhairle agus Eolas, Cúram agus Bainistiú Cásanna | Comhairle Chontae na Gaillimhe / Clann Shíomóin na Gaillimhe | Leanúnach |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

| Daoine a bhíonn ag codladh amuigh - Freagairt don Aimsir Fhuar agus Freagairt don Drochaimsir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 4.9 | Seirbhís Freagartha don Aimsir Fhuar a sholáthar go leanúnach i gCathair na Gaillimhe do Dhaoine a bhíonn ag codladh amuigh.<br><br>Saoráid na Freagartha don Aimsir Fhuar le hacmhainní go leor le bheith ar fáil inti chun freastal ar an leibhéal measta ó thaobh riachtanas de | Saoráid Freagartha don Aimsir Fhuar le bheith ar fáil don gheimhreadh i mblianta amach anseo.<br><br>Tá go leor leapacha ar fáil le nach mbeidh call ar aon daoine codladh amuigh i gCathair na Gaillimhe i dtréimhse an gheimhridh. | Údaráis Áitiúla na Gaillimhe / COPE na Gaillimhe / Clann Shíomóin na Gaillimhe | Geimhreadh 2025-2027 |
| 4.10 | Freagairt don Aimsir Fhuar do Ghaillimh; go gcuirfear ar bun saoráid amháin (seomraí leapa singile más féidir) agus seirbhís ina mbeidh go leor spásanna do Chathair agus Contae na Gaillimhe agus cur chuige comhaontaithe i bhfeidhm. San áireamh ann beidh:<br>Próisis agus cur chuige leanúnach ann don mheasúnú<br>Cur chuige i leith bainistiú cásanna á threorú agus á chomhordú ag an oibrí sóisialta<br>Pleanáil do dhaoine i ndiaidh dóibh a bheith ag plé leis an bhFreagairt don Aimsir Fhuar ionas go mbeidh rogha eile acu ar an gcodladh amuigh | Aon Fhreagairt amháin don Aimsir Fhuar do Ghaillimh | Údaráis Áitiúla na Gaillimhe / RTRÁO / FSS / COPE na Gaillimhe / Clann Shíomóin na Gaillimhe agus ENRanna eile | Geimhreadh 2026/27 |
| 4.11 | Comhairle Chontae na Gaillimhe chun áitreabh cuí a aimsiú lena úsáid mar shaoráid sa chontae don Fhreagairt ar Aimsir Fhuar do dhaoine a bhíonn ag codladh amuigh. | Saoráid don Fhreagairt ar Aimsir Fhuar aimsithe agus forbartha don tseirbhís i gContae na Gaillimhe. | Comhairle Chontae na Gaillimhe/RTRÁO | Geimhreadh 2026/27 |
| 4.12 | Seirbhís mar fhreagairt ar dhrochaimsir a choinneáil ar bun agus tuilleadh leapacha a chur ar fáil do dhaoine a chodlaíonn amuigh i gCathair na Gaillimhe ionas go mbeidh foscadh ann do gach duine ar chúiseanna daonna má bhíonn drochaimsir ann | Leaba ar fáil do chách a thiocfaidh isteach má bhíonn drochaimsir ann | Comhairle Cathrach na Gaillimhe / COPE na Gaillimhe / | Leanúnach |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | Clann Shíomóin na Gaillimhe | |
| 4.13 | Breathnú ar sholáthar éigeandála a aimsiú i ngach limistéar do chásanna nuair a bhíonn drochaimsir nó rabhadh aimsire ann. | Saoráid aimsithe lena húsáid go háitiúil don Fhreagairt ar Aimsir Fhuar agus/nó freagairt ar dhrochaimsir má bhíonn drochaimsir ann/nuair is gá. | | |
| **Cóiríocht Éigeandála** | | | | |
| 4.14 | Cóiríocht Shealadach faoi Thacaíocht a sholáthar go leanúnach i gCathair na Gaillimhe<br><br>Brú Fhaiche an Aonaigh - Fir, 26 leaba<br>Teach na Mainistreach – Fir, 15 leaba<br>Osterley – Mná/13 leaba<br>Mol Teaghlaigh Thearmann na Coiribe - Teaghlaigh/10 dteaghlach (suas le 30 leaba) | An líon cliant dar tugadh tithíocht agus tacaíocht i gCóiríocht Éigeandála i gCathair na Gaillimhe<br><br>Torthaí ar imeacht ó chóiríocht éigeandála phríobháideach do dhaoine | Comhairle Cathrach na Gaillimhe / COPE na Gaillimhe / Clann Shíomóin na Gaillimhe | Leanúnach |
| 4.15 | Méadú a chur i bhfeidhm ar an soláthar atá ar fáil de Chóiríocht Shealadach faoi Thacaíocht 24/7, agus oibrithe ann, do dhaoine aonair nach bhfuil duine ar bith sa teaghlach leo le go mbeidh go leor den chóiríocht sin ar fáil do thréimhse dhaingean chun freagairt don leibhéal d'atreoruithe agus den fhás ar an gcodladh amuigh i nGaillimh agus chun meascán níos mó roghanna a chur ar fáil chun freagairt do chásanna níos casta. | Go leor acmhainní chun freastal ar riachtanais daoine aonair óna dteastaíonn cóiríocht éigeandála phríobháideach. Cumas níos fearr chun freagairt don chastacht agus d'athruithe ar chúinsí cliant. | ÚÁ/ENR | 2025/6 |
| 4.16 | Athbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeán na seirbhísí a bhíonn ar fáil i gCóiríocht Éigeandála Phríobháideach do theaghlaigh agus an caighdeán sin a fheabhsú i rith an ama. | Líon na n-áitreabh don chóiríocht éigeandála phríobháideach a chomhlíonann caighdeáin náisiúnta cháilíochta. | ÚÁ/ENR | Ar bun, monatóireacht leanúnach |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 4.17 | Athbhreithniú leanúnach ar an gcóiríocht éigeandála phríobháideach á soláthar i gCathair agus i gContae na Gaillimhe, i Maigh Eo agus i Ros Comáin agus an sprioc ann deireadh a chur le cóiríocht éigeandála phríobháideach a úsáid de réir a chéile agus san fhadtéarma.<br><br>Sa ghearrthéarma, áitribh bhreise a fháil i gCathair agus i gContae na Gaillimhe leis an éileamh reatha a shásamh. | An líon daoine a úsáideann cóiríocht éigeandála phríobháideach.<br><br>An fad a fhanann an duine sa chóiríocht éigeandála phríobháideach.<br><br>An líon daoine a fhágann an tseirbhís isteach go tionóntachtaí.<br><br>Leibhéal sásúil de chóiríocht éigeandála phríobháideach chun freagairt do leibhéal an riachtanais mar a thagann sé sin chun cinn | COPE na Gaillimhe do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe | 2025-2027 |
| 4.18 | Tithíocht Phobalbhunaithe a úsáid mar shamhail don tithíocht faoi thacaíocht do dhaoine aonair mar mhalairt rogha ar Thimpeallachtaí Éigeandála le daoine eile. | Féach an rannóg thuas um Thithíocht Phobalbhunaithe | Comhairle Cathrach na Gaillimhe / Clann Shíomóin na Gaillimhe / COPE na Gaillimhe | Leanúnach |
| 4.19 | Cur leis an Tithíocht Phobalbhunaithe mar shamhail do chóiríocht mar mhalairt ar an gcóiríocht éigeandála phríobháideach. Tacaíochtaí ó oibrithe bunriachtanacha, bainisteoirí cásanna agus oibrithe athlonnaithe i Maigh Eo agus i Ros Comáin. | Féach an rannóg thuas um Thithíocht Phobalbhunaithe | Comhairle Chontae na Gaillimhe, Mhaigh Eo agus Ros Comáin / Clann | 2025 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | Shíomóin na Gaillimhe | |
| 4.20 | Saoráidí nua a fháil do chóiríocht shealadach ghearrthéarma i gContae Mhaigh Eo do theaghlaigh gan dídean. | Saoráid faighte chun cóiríocht éigeandála a chur ar fáil ar scála mór. Áitíocht i saoráid nua i Maigh Eo.<br>Céim 1 - 19 seomra<br>Céim 2 - 13 sheomra<br>An fad a fhanann an duine sa tsaoráid / daoine ag imeacht go tionóntachtaí. | Comhairle Contae Mhaigh Eo/RTRÁO | 2025-2027 |
| 4.21 | Aimsiú agus soláthar aonad 8 leaba go 10 leaba chun cóiríocht éigeandála a sholáthar do dhaoine shingil gan dídean i gContae Ros Comáin. ENR le tacaíocht a chur ar fáil. Seirbhís chun soláthar a dhéanamh do dhaoine a chodlaíonn amuigh agus, nuair is cuí, Freagairt don Aimsir Fhuar. | Aonad 8-10 leaba faighte<br>Seirbhís tacaíochta ENR socraithe<br>An líon daoine gan dídean dar tugadh foscadh.<br>An fad a fhanann an duine san aonad. | Comhairle Contae Ros Comáin/ENR/ RTRÁO | Ráithe 1 2025<br><br>Leanúnach |
| **Daoine a bhíonn ag Codladh Amuigh - Tacaíocht Sláinte agus Folláine** | | | | |
| 4.22 | Tacaíocht sláinte agus folláine a sholáthar do Dhaoine a bhíonn ag Codladh Amuigh i gcomhar le soláthar For-rochtana Sráide agus in Ionaid Lae, naisc le seirbhísí deonacha eile do dhaoine gan dídean. | Daoine a bhíonn ag codladh amuigh ag plé leis an bhFoireann Sláinte agus Folláine.<br><br>An líon daoine a bhíonn ag codladh amuigh ag baint leas as seirbhísí sláinte eile. | FSS / Cúram Sláinte Pobail an Iarthair / Slí Nua / Clann Shíomóin na Gaillimhe / ENRanna. | Leanúnach |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

## Cuspóir 5: Easpa Dídine Óige a réiteach

Cosc Easpa Dídine, Tithíocht atá Oiriúnach don Aois agus Cothú Tionóntachtaí trí Sheirbhís dírithe ar an Óige
Seirbhís Buail Isteach agus Seirbhís Tacaíochta Lae
Idirghabháil luath chun tacú le daoine óga agus iad ag fágáil socrú cúraim
Taighde a dhéanamh ar an tionchar ó sholáthar tithíochta agus seirbhísí easpa dídine go díreach do dhaoine óga agus cóiríocht chuí a sholáthar

| **Cuspóir Gníomh** | **Easpa Dídine Óige a Chomhrac** | **Spriocanna** | **Comhlachtaí Freagracha** | **Tráthchlár** |
|---|---|---|---|---|
| **Cosc, Tithíocht agus Cothú Tionóntachtaí** | | | | |
| 5.1 | Leanúint ar aghaidh leis an tsamhail don tSeirbhís Óige, agus í a fhorbairt, bunaithe ar na riachtanais faoi leith a bhíonn ag daoine fásta óga gan dídean, an tseirbhís sin ann ó 2016 agus á riar ag Comhairle Cathrach agus Comhairle Chontae na Gaillimhe, Clann Shíomóin na Gaillimhe agus TUSLA.<br>• tacaíochtaí leis an easpa dídine a chosc,<br>• tithíocht chomhroinnte idirthréimhse agus tacaíocht ó oibrithe bun riachtanacha, agus<br>• tacaíocht chun bogadh isteach i dtionóntachtaí fadtéarma agus iad a choinneáil (TUSLA CAS, leithdháiltí an ÚÁ, ÍCT)<br>agus an aidhm ann nach rachaidh daoine óga leochaileacha sa Réigiún isteach i dtimthriall easpa dídine. | Samhail Seirbhíse Óige a chothú agus a fhorbairt. | ÚÁnna / TUSLA / Clann Shíomóin na Gaillimhe | Leanúnach |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 5.2 | Forbairt ar an gclár do Dhaoine Óga gan Dídean a chuireann Clann Shíomóin na Gaillimhe ar fáil i gCathair na Gaillimhe, cóiríocht bhreise tithíochta idirthréimhse san áireamh. | Tacaíocht curtha ar fáil do níos mó daoine óga<br><br>Níos mó daoine óga curtha ar aghaidh chuig socrú eile seachas an easpa dídine agus Cóiríocht Éigeandála<br><br>Níos mó daoine óga i dtionóntachtaí fadtéarma<br><br>Áitribh bhreise faighte don tithíocht idirthréimhse ar ceadúnas | Clann Shíomóin na Gaillimhe / Comhairle Cathrach na Gaillimhe / RTRÁO | Leanúnach |
| 5.3 | Scéim CAS TUSLA a fhorbairt chun tithíocht a fháil do dhaoine óga gan dídean | An líon daoine óga dá dtugtar réitigh go dírithe do dhaoine óga don riachtanas tithíochta i dtionóntachtaí CAS TUSLA. | RTRÁO/ÚÁnna/TUSLA/Clann Shíomóin na Gaillimhe | Leanúnach |
| 5.4 | Forbairt ar an gclár do Dhaoine Óga gan Dídean a chuireann Clann Shíomóin na Gaillimhe ar fáil i mbailte móra i gContae na Gaillimhe. | Áitribh bhreise faighte, spásanna don chóiríocht faoi thacaíocht cruthaithe | Comhairle Chontae na Gaillimhe / Clann Shíomóin na Gaillimhe | 2025/2026 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 5.5 | Clár nua chun tacú le Seirbhís dírithe ar an Óige ó Chlann Shíomóin na Gaillimhe i gContae Mhaigh Eo, clár ina mbeidh na nithe seo:<br>• tacaíochtaí leis an easpa dídine a chosc<br>• tithíocht chomhroinnte idirthréimhse agus tacaíocht ó oibrithe bun riachtanacha, agus<br>• tacaíocht chun bogadh isteach i dtionóntachtaí fadtéarma agus iad a choinneáil (TUSLA CAS, leithdháiltí an ÚÁ, ÍCT) | 6 árasán atá faighte don chóiríocht don Óige<br><br>Beirt Oifigeach Tacaíochta Tithíochta agus beirt Chúntóirí Tacaíochta Tithíochta atá fostaithe leis an tSeirbhís a chur ar bun. | Comhairle Contae Mhaigh Eo/ Clann Shíomóin na Gaillimhe | 2025/2026 |
| 5.6 | Cur chuige bunaithe ar Thithíocht a úsáid ar bhonn píolótach don óige agus tacaíochtaí spriocdhírithe ó ghníomhaireachtaí cuí ann. | Indéantacht cláir phíolótaigh a mheas | RTRÁO / comhpháirtithe áitiúla | Faoi dheireadh 2026 |
| 5.7 | Saothrú le LTACCanna le tacaíochtaí breise a mheas agus a chur i bhfeidhm go háitiúil chun tacú le daoine óga den Lucht Siúil atá i mbaol ón easpa dídine. | Lena chur san áireamh sa Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil, 2025-2029 | ÚÁ / LTACC / GTM / Brú Bhríde | 2025 / 2026 |
| 5.8 | Athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar atá ann le go mbeifear in ann freastal ar na riachtanais a bhíonn ag daoine óga torracha, daoine óga trasinscne agus lánúnacha óga agus cóiríocht éigeandála de dhíth orthu. | Tacaíochtaí spriocdhírithe curtha ar fáil do mhná óga agus iad ag súil le leanbh<br><br>Teacht ar ÍCT do Dhaoine gan Dídean, íocaíochtaí | ÚÁ / Aimsitheoirí Áite ÍCT / eagraíochtaí tacaíochta don easpa dídine / TUSLA | Faoi dheireadh 2025 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | lánroghnacha agus leithdháiltí spriocdhírithe | | |
| **Seirbhís Buail Isteach agus Seirbhís Tacaíochta Lae** | | | | |
| 5.9 | Seirbhís leanúnach buail isteach agus tacaíochta lae do dhaoine óga leochaileacha, cuir i gcás daoine óga gan dídean nó i mbaol ón easpa dídine i Seirbhísí Óige No 4. | An líon daoine óga a úsáideann an tseirbhís / tacaíochtaí.<br><br>Dreamanna leochaileacha a shonrú / an líon tacaíochtaí spriocdhírithe.<br><br>An líon daoine óga a fhaigheann gairmthreoir / tacaíochtaí fostaíochta. | No 4 / ENRanna/ TUSLA / BOOGRC | Leanúnach |
| **Idirghabháil luath chun tacú le daoine óga agus iad ag fágáil socrú Cúraim** | | | | |
| 5.10 | An comhar agus an idirghabháil luath a fheabhsú chun daoine óga ag fágáil socrú cúraim a ullmhú chun cóiríocht chuí a aimsiú agus tacaíochtaí a fháil sa phobal i ndiaidh dóibh an cúram a fhágáil. | Plean tacaíochta iarchúraim a ullmhú do gach duine 17 mbliana d'aois sa bhliain sula bhfágann an duine sin an cúram. | TUSLA | Leanúnach |
| 5.11 | Plé luath leis na hÚdaráis Tithíochta maidir le riachtanais tithíochta Daoine Óga a fhágann Cúram ionas nach mbeidh orthu seirbhísí ginearálta do dhaoine gan dídean a úsáid. | An líon cruinnithe de ghníomhaireachtaí éagsúla a bhíonn ann le socruithe iarchúraim a phlé. | TUSLA/ÚÁ, tacaíocht ó Obair Shóisialta/Cúram Sóisialta | Leanúnach |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 5.12 | Leanúint ar aghaidh le grúpaí oibre iarchúraim le TUSLA/leis an Údarás Áitiúil agus gníomhaireachtaí eile chun tacú le daoine óga atá buailte ag an easpa dídine nó atá ag teacht isteach mar dhaoine a d'fhéadfadh a bheith gan dídean.<br><br>Plé ardchaighdeáin a chinntiú idir an Coiste Stiúrtha Iarchúraim agus an Rannóg Tithíochta in ÚÁnna lena chinntiú go n-aithneofar na daoine óga is mó a bheidh i mbaol ón easpa dídine. | Plean bainistíochta cáis do gach duine óg. | TUSLA / ÚÁnna / seirbhísí cuí óige agus pobail i limistéar an ÚÁ. | 2025 |
| **Taighde agus Tithíocht** | | | | |
| 5.13 | Taighde a dhéanamh ar shamhlacha don dea-chleachtas i dtíortha eile AE le haghaidh tionscadal tithíochta do dhaoine óga gan dídean.<br><br>Samhlacha/modhanna oibre a fhorbairt agus a thriail chun dul i ngleic leis na deacrachtaí a bhíonn ag daoine eile agus iad ag iarraidh tithíocht shóisialta a fháil mar gheall ar an aois acu.<br><br>Réitigh fadtéarma thithíochta a aimsiú do dhaoine óga gan dídean ionas nach mbeidh siad gan dídean arís agus arís eile. | Samhlacha / modhanna píolótacha a aithnítear.<br><br>An líon daoine óga gan dídean a fhaigheann tithíocht mar chéatadán den líon iomlán daoine gan dídean.<br><br>An líon Tacaíochtaí Tithíochta Sóisialta. | ÚÁnna / TUSLA / Clann Shíomóin na Gaillimhe / No 4 / RTRÁO<br>Gach comhpháirtí<br><br>Gach comhpháirtí | Amscála lena dheimhniú<br><br>Leanúnach<br><br>Leanúnach |

## Cuspóir 6: Rialachas agus Obair idir Gníomhaireachtaí

Comhar láidir idir gníomhaireachtaí, seirbhísí ardchaighdeáin éifeachtacha, agus sláinte agus folláine na n-oibrithe agus oibrithe deonacha go léir a chothú agus a fhorbairt nuair a bhítear ag saothrú leis na spriocanna a bhaint amach mar atá leagtha amach sa doiciméad Tithíocht do Chách agus sa Phlean Gníomhaíochta um an Easpa Dídine do Réigiún an Iarthair. Leibhéil níos airde de rannpháirtíocht, den leanúnachas sa chumarsáid agus den chomhar a bhaint amach ar gach leibhéal den obair chun Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean a sholáthar.

Struchtúir agus Caighdeáin Rialachais

Bailiú Sonraí agus Tuairisciú

| **Cuspóir Gníomh** | **Rialachas agus Obair idir Gníomhaireachtaí** | **Spriocanna** | **Comhlachtaí Freagracha** | **Tráthchlár** |
|---|---|---|---|---|
| 6.1 | Leanúint ar aghaidh leis an gcomhar láidir idir na gníomhaireachtaí ar fad i Réigiún an Iarthair a bhíonn ag plé leis an easpa dídine.<br><br>Soláthar seirbhísí éifeachtacha ardchaighdeáin a chur chun cinn<br><br>Sláinte, sábháilteacht agus folláine a chosaint i gcás fostaithe agus oibrithe deonacha a bhíonn ag saothrú chun tacú le daoine gan dídean agus daoine atá i mbaol ón easpa dídine. | | | |
| **Struchtúir agus Caighdeáin Rialachais** | | | | |
| 6.2 | Soiléireacht a chinntiú i dtaca le próisis agus struchtúir rialachais agus cloí leis an dea-chleachtas ó thaobh rialachais de. | | Grúpa Bainistíochta Seirbhísí don Easpa Dídine<br>An Ceannaire sa Réigiún do | Ráithe 1 2025<br><br>Leanúnach |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Grúpa Bainistíochta Seirbhísí don Easpa Dídine i Réigiún an Iarthair a thionól ar bhonn leanúnach.<br><br>An Fóram Comhairleach Réigiúnach um an Easpa Dídine a thionól ar bhonn leanúnach. | An líon cruinnithe a reáchtáiltear - dhá chruinniú sa bhliain ar a laghad, agus tuairisciú ar PASS.<br><br>An líon cruinnithe a reáchtáiltear - dhá chruinniú sa bhliain ar a laghad, agus tuairisciú ar PASS.<br>Sonraí ó chruinnithe a uaslódáil mar chuid den tuairisciú ó ÚÁnna agus soláthraithe. | Chathair agus Contae na Gaillimhe / ÚÁnna | |
| 6.3 | Athbhreithniú ar rannpháirtíocht ionadaithe thar ceann grúpaí leochaileacha / ionadaithe ar spriocghrúpaí faoi leith i bhfóraim chomhairleacha agus ar fhoirne gníomhaíochta tithíochta | An líon cruinnithe den fhoireann gníomhaíochta tithíochta a bhíonn ann<br>An líon athbhreithnithe a chuireann an fhoireann gníomhaíochta tithíochta i gcrích/<br>An líon comhairliúchán le spriocghrúpaí.<br>Torthaí ón athbhreithniú a chur i bhfeidhm. | | Faoi dheireadh 2025 |
| 6.4 | Féachaint lena chinntiú go mbeidh cur chuige ardchaighdeáin ann, agus luach ar airgead ann, do gach seirbhís a chuirtear ar fáil, agus an t-airgead ar fad a chaitear agus a fhaightear ar ais á thaifeadadh i gcomhréir leis an gciorclán ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le prótacail na Roinne Tithíochta. | Sa soláthar, cloí leis na caighdeáin seo:<br>• Bainistíocht agus Cuntasacht i dtaca le Deontais ón Státchiste<br>• An Creat Caighdeán Náisiúnta Dearbhaithe do Sheirbhísí do Dhaoine gan Dídean.<br>• An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí<br>• Saoráil Faisnéise<br>• Comhaontuithe Seirbhíse<br>• Comhaontuithe Ceadúnais | Plean Gníomhaíochta Réigiún an Iarthair don Easpa Dídine/RTRÁO | Leanúnach |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | • Gach ceanglas rialála. | | |
| 6.5 | Carthanais agus Soláthraithe Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean a chuireann Tithíocht, Seirbhísí agus Tacaíochtaí ar fáil faoin bPlean seo le gach caighdeán cuí comhlíontachta agus rialachais a chomhlíonadh, cuir i gcás:<br><br>• Cód Rialachais an Rialálaí Carthanas<br>• Tuairisceáin CRO agus CRA<br>• An Creat Caighdeán Náisiúnta Dearbhaithe do Sheirbhísí do Dhaoine gan Dídean | Rialachas láidir carthanais agus don tSeirbhís do Dhaoine gan Dídean | ENRanna | |
| 6.6 | Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta chun cloí leis na caighdeáin rialachais atá ag an<br>• Údarás Rialála um Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta | Rialachas láidir ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta | CCTanna | |
| 6.7 | Fostaithe i seirbhísí do dhaoine gan dídine - earcaíocht agus daoine a choinneáil - i Réigiún an Iarthair.<br>Tacú go leanúnach le hiarrachtaí chun cothromaíocht i gcúrsaí pá a bhaint amach d'eagraíochtaí alt 10 agus alt 39. | Leibhéal sásúil oibrithe i seirbhísí do dhaoine gan dídean, an oiread is lú athruithe san fhoireann, agus daoine a cheapadh go pras sna róil.  Freagrúlacht i leith riachtanais na seirbhíse | ÚÁnna, FSS, ENRanna | |
| 6.8 | Cleachtas á mhúnlú ag Tráma – gach gníomhaireacht agus seirbhís ina mbítear ag obair le daoine gan dídean a leigheas agus freagairt a | Plé níos fearr ag úsáideoirí seirbhíse/cliaint agus iad i dteagmháil le gníomhaireachtaí | Gach páirtí leasmhar | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | chur ar fáil, bíonn siad ag obair ar bhealach atá á mhúnlú ag eolas ar thráma. Tá oiliúint curtha ar oibrithe ar gach leibhéal maidir leis an gcleachtas á mhúnlú ag an eolas ar thráma mar aon le próisis agus modhanna oibre a bhíonn á bhforbairt agus á gcur i bhfeidhm bunaithe ar an dearcach sin. | agus ag úsáid seirbhísí do dhaoine atá gan dídean. | | |
| **Bailiú Sonraí agus Tuairisciú** | | | | |
| 6.9 | Córas PASS a úsáid mar is cuí agus a chinntiú go mbíonn faisnéis suas chun dáta agus ábhartha.<br><br>Riachtanais oiliúna sonraithe agus taifeadadh ar PASS le déanamh ar bhealach caighdeánach ar fud an Réigiúin. | Athbhreithniú ar riachtanais oiliúna.<br><br>Clár oiliúna curtha ar fáil.<br><br>Taifeadadh ar PASS caighdeánaithe ar fud an Réigiúin | An Ceannaire do Chathair na Gaillimhe / DHRE / gach páirtí leasmhar | Leanúnach Athbhreithniú bliantúil Leanúnach |
| 6.10 | Meastachán bliantúil a chur le chéile agus a chur isteach don chaiteachas don soláthar seirbhíse do dhaoine gan dídean taobh istigh de na scálaí ama atá sonraithe ag an RTRÁO. A chinntiú go gcloífear leis na céimeanna seo:<br>• Gach páirtí leasmhar le gach togra gnó a chur faoi bhráid an phríomhúdaráis de réir cibé achar ama atá leagtha síos.<br>• Caithfear an meastachán agus tograí nua gnó a mheas agus a chomhaontú leis an WRHMG sula gcuirtear isteach iad.<br>• Ba chóir cruinniú a reáchtáil le gach ENR, sula gcuirtear an t-ábhar isteach, lena dtosaíochtaí a chomhaontú don bhliain airgeadais sin. | Achair ama an RTRÁO á gcomhlíonadh. | Comhairle Cathrach na Gaillimhe<br><br>ÚÁ/ENR<br><br>Comhairle Cathrach na Gaillimhe ÚÁ/ENR. | Ráithe 1 gach bliain<br><br>Ráithe 1 gach bliain<br><br>Ráithe 1 gach bliain<br><br>Ráithe 1 gach bliain |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | • Ba chóir don phríomhúdarás gach forchúiteamh a chur isteach de réir an achair chuí.<br>• . | | Comhairle Cathrach na Gaillimhe<br><br>ÚÁ | Gach Ráithe |
| 6.11 | Páirt a ghlacadh i ngach athbhreithniú ar sheirbhísí do dhaoine gan dídean mar a iarrtar iad, athbhreithniú ar luach ar airgead san áireamh. | An líon athbhreithnithe a dhéantar agus a chuirtear i gcrích. | RTRÁO / ÚÁnna / ENRanna. | Leanúnach |
| 6.12 | Maidir leis an bpleanáil don am atá le teacht don soláthar seirbhísí do dhaoine gan dídean, mar thacaíocht don obair sin déanfar taighde nó déanfar taighde a choimisiúnú bunaithe ar threochtaí san easpa dídine agus cúiseanna a imríonn tionchar ar an easpa dídine do spriocghrúpaí faoi leith, mar shampla daoine atá níos sine a fhaigheann fógra fágála, daoine óga a bhíonn ag fágáil socrú cúraim, daoine den Lucht Siúil agus mionlaigh eitneacha. | Taighde á choimisiúnú / á dhéanamh | Grúpa Bainistíochta Seirbhísí don Easpa Dídine / Fóram Comhairleach an Réigiúin / RTRÁO | Leanúnach |

# Aguisín A: Creat Beartais:  Tagairtí

Seo a leanas Beartais agus Tuarascálacha Náisiúnta atá mar bhonn eolais do Phlean Gníomhaíochta Réigiún an Iarthair maidir le Daoine gan Dídean 2025-27:

Tithíocht do Chách 2021 (go príomha Conair 2: Conair chun Deireadh a chur leis an Easpa Dídine, Soláthar Tithíochta Sóisialta a mhéadú agus Tacú leis an Ionchuimsiú Sóisialta)

https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/197237/29edec3e-6664-4e62-86b2-af2e77f2f609.pdf#page=null

An dara Plean Náisiúnta chun Tithíocht ar dTús a chur i bhfeidhm, 2022-2026

https://www.gov.ie/en/publication/c49d0-housing-first-national-implementation-plan-2022-2026/

An Stráitéis Náisiúnta um Dhaoine Óga gan Dídean, 2023-25

https://assets.gov.ie/239255/99c987df-4439-4bc2-8730-be614eae1e2e.pdf

*Assertive Street Outreach, A Good Practice Guide for Local Authorities in Ireland 2024*

An Creat Caighdeán Náisiúnta Dearbhaithe

https://www.homelessdublin.ie/content/files/NQSF-Standards.pdf

Tuarascáil an Choimisiúin Tithíochta, 2024
https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/294018/e1aae1ed-07c4-473d-811e-3426756321ee.pdf#page=null

Plean Straitéiseach Náisiúnta chun Sláinte Daoine in Éirinn atá Buailte ag an Easpa Dídine a fheabhsú (2024-2027)

https://about.hse.ie/api/v2/download-file/file_based_publications/National_Strategic_Plan_Health_of_People_Experiencing_Homelessne_KHl4PUN.pdf/

Comhfhís:  Beartas Meabhairshláinte do Chách

https://assets.gov.ie/76770/b142b216-f2ca-48e6-a551-79c208f1a247.pdf

Díobháil a Laghdú, Cabhrú le Téarnamh: Freagairt á treorú ag an earnáil sláinte ar úsáid drugaí agus alcóil in Éirinn, 2017-2025

https://www.gov.ie/en/publication/4e5630-reducing-harm-supporting-recovery-2017-2025/

Treoirlínte Náisiúnta um an Díthocsainiú sa Phobal – beinsidhé-asaipín

https://www.drugs.ie/downloadDocs/2017/Community-Detox-Guidelines-Benzodiazepines-2017.pdf

# Aguisín B: Achoimre ar Sheirbhísí Reatha

## Cathair na Gaillimhe

Tá an chuid is mó de sheirbhísí tacaíochta do dhaoine atá i mbaol ón easpa dídine lonnaithe i gCathair na Gaillimhe, an lárionad uirbeach is mó i Réigiún an Iarthair. Agus daonra breis agus 86,000 duine ann, agus daonra mac léinn beagnach 30,000 duine ann, tá tarraingt ar Chathair na Gaillimhe an bhliain ar fad mar ionad turasóireachta agus mar ionad don tionscal cógaisíochta agus don tionscal bithleighis. Nuair a chuirtear na cúiseanna seo go léir le chéile, tuigtear an fáth a mbíonn cíosanna sa Réigiún ar an leibhéal is airde sa Chathair agus i gceantair sa Chontae atá gar don Chathair. Mar gheall ar leibhéil arda éilimh ar thithíocht ó na cúiseanna seo ar fad, mar aon le heaspa soláthar tithíochta nuaí, tá fás ar an mbrú ó thaobh praghsanna agus cíosanna de. Fágann sé sin gur ceist mhór atá san inacmhainneacht tithíochta atá ag cur leis an méadú ar leibhéil den easpa dídine.

## Comhairle Cathrach na Gaillimhe

Oifigeach Riaracháin, Oifigeach Sinsearach Foirne agus Oifigeach Cúnta Foirne atá ar an bhfoireann. Tá róil na n-oibrithe ar fad san aonad á maoiniú ina n-iomláine nó i bpáirt faoi alt 10. Tá Oifigeach Cothaithe Tionóntachtaí agus Oibrí Cúraim Shóisialta earcaithe toisc go mbíonn castacht ag baint le cás daoine a thagann isteach gan dídean le tamall de bhlianta anuas. Tá na róil seo fíorthábhachtach sa lá atá inniu ann agus in iarrachtaí chun srian a chur leis an líon daoine a fhágtar gan dídean.

Déanann an tAimsitheoir Áite ÍCT an tSeirbhís ÍCT do Dhaoine gan Dídean a riar agus díríonn ar chóiríocht chuí a fháil faoin scéim seo, agus aimsíonn cóiríocht a bhíonn ar fáil ar cíos go príobháideach in áiteanna sa Chathair agus sa Chontae do theaghlaigh gan dídean.

Mar thacaíocht ag an Aonad do Dhaoine gan Dídean tá triúr Oibrithe Sóisialta, Oibrí Sóisialta i bhfeighil orthu. Tá a réimse sonrach freagrachta i réimse na heaspa dídine ar gach duine acu. Tá siad gníomhach go speisialta i dtaca leis an obair chomhoibríoch agus in iarrachtaí chun tacú le daoine a bhfuil riachtanais bhreise shóisialta nó sláinte acu mar aon leis an riachtanas tithíochta. An tOibrí Sóisialta Sinsearach atá mar chathaoirleach ar an bhFoireann Gníomhaíochta um Easpa Dídine, foireann atá lárnach mar chuid den tionscnamh Tithíocht ar dTús i nGaillimh. Bíonn an duine sin ag feidhmiú chomh maith mar an tOifigeach Teagmhála le Ciontóirí Gnéis. Bíonn an bheirt eile ar fhoireann na hOibre Sóisialta ag obair le daoine agus le teaghlaigh le cóiríocht éigeandála a fháil mar dhaoine gan dídean.

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar an bpríomhúdarás do réigiún an Iarthair. Tá an Chomhairle Cathrach freagrach as maoiniú agus socruithe tuairiscithe PASS a bhainistiú thar ceann an Réigiúin agus bíonn ag obair go dlúth le gníomhaireachtaí stáit agus soláthraithe seirbhísí do dhaoine gan dídean le seirbhísí a sholáthar.

## Obair idir gníomhaireachtaí i gCathair na Gaillimhe

Tá cúlra fada den chomhar idir gníomhaireachtaí i limistéir na Comhairle Cathrach sa réimse seo den dul i ngleic leis an easpa dídine. Tá an Chomhairle ag obair le dhá ENR mhóra le fada a bhfuil saineolas agus taithí acu ar an easpa dídine.

An dá ENR is mó a chuireann seirbhísí ar fáil do dhaoine gan dídean ná COPE na Gaillimhe agus Clann Shíomóin na Gaillimhe. Níos minice agus níos minice bíonn siad ag tacú le tionscadail i gcomhar leis na hÚdaráis Áitiúla eile, seirbhísí sa chontae - agus, le tamall, sa Réigiún níos leithne - ina measc.

## Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean i limistéar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

### *Easpa Dídine a Chosc*

### An Easpa Dídine a Chosc agus Cothú Tionóntachtaí

Bíonn an tSeirbhís chun Easpa Dídine a Chosc agus an tSeirbhís um Chothú Tionóntachtaí atá á riar ag Clann Shíomóin na Gaillimhe ag obair le fir, mná agus teaghlaigh le nach bhfágfar gan dídean iad. Cuidíonn na Foirne Tacaíochta Pobail le daoine fanacht ina dteach féin nó áit chónaithe nua a aimsiú agus maireachtáil leo mar chuid dá bpobal áitiúil. Tá an tSeirbhís ar fáil do chliaint atá athlonnaithe ó na Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean. Bítear ag obair le daoine aonair agus le teaghlaigh atá i mbaol ón easpa dídine de réir an Údaráis Áitiúil nó CCTanna nó oibrithe sóisialta. Féadfaidh daoine a bhfuil fógraí fágála faighte acu nó atá ag maireachtáil i dtimpeallachtaí plódaithe nó mífheiliúnacha an tSeirbhís a úsáid le tacaíocht a fháil cóiríocht eile a aimsiú ionas nach mbeidh orthu cuidiú a lorg ón tSeirbhís Éigeandála Easpa Dídine.

### Seirbhís Comhairle agus Eolais

Cuireann Threshold seirbhís comhairle agus eolais ar fáil, comhairle dlí san áireamh, chun tacú leo siúd atá gan dídean nó i mbaol ón easpa dídine. Féadfaidh aon daoine teagmháil a dhéanamh le Threshold má fhaigheann siad fógra fágála ón tiarna talún le hiad a chur amach as an áit chónaithe nó a bhfuiltear chun foirceannadh tionóntachta a thabhairt dóibh toisc go bhfuiltear chun an áit chónaithe a dhíol, a athchóiriú nó a thabhairt do dhuine sa teaghlach. Déanfaidh Threshold an cás a sheiceáil faoina bhfuil an fógra fágála dlíthiúil agus bailiú agus déanfaidh idirbheartaíocht le tiarna talún thar ceann tionónta lena fháil amach an féidir foirceannadh an chonartha a stopadh nó tionóntacht eile a aimsiú. Tá Threshold in ann cuidiú a thabhairt le dul i dteagmháil leis an údarás áitiúil cuí agus cuireann seirbhís ar fáil d’oibrithe um Chothú Tionóntachtaí sna hAonaid do Dhaoine gan Dídean, is é sin an cás a fhiosrú dóibh má bhíonn siad ag iarraidh a fháil amach an bailí an fógra fágála.

## *Seirbhísí agus Tacaíochtaí do Dhaoine a Chodlaíonn Amuigh*

### For-rochtain Sráide

Tá an tSeirbhís Teagmhála Sráide i gcathair na Gaillimhe dírithe ar dhaoine atá gan dídean agus ag codladh amuigh a aithint agus labhairt leo le hiad a threorú, agus deiseanna agus tacaíocht a thabhairt dóibh leas a bhaint as seirbhísí agus cineálacha tacaíochta, cuir i gcás cóiríocht agus tacaíocht sláinte agus leasa. Reáchtáiltear an fhor-rochtain seo ocht n-uaire sa tseachtain - go luath ar maidin agus go mall tráthnóna. Bíonn for-rochtain níos minice agus níos spriocdhírithe ann de réir mar is cuí nuair a bhíonn cúiseanna imní leasa ann agus nuair a bhíonn drochaimsir ann. Agus an fhoireann for-rochtana amuigh, tugann siad amach deochanna teo agus fuara, bia éadrom, málaí codlata, éadaí agus earraí ar mhaithe le leas daoine a chosaint. Téann an dochtúir teaghlaigh agus an t-altra ginearálta cláraithe ón bhfoireann ildisciplíneach do dhaoine gan dídean amach in éineacht leis an bhfoireann for-rochtana maidin sa tseachtain.

### Freagairt ar Aimsir Fhuar

Is é atá i gceist leis an bhFreagairt ar Aimsir Fhuar ná freagairt ghearrthéarmach don gheimhreadh i gcathair na Gaillimhe, cóiríocht go díreach don oíche. Tá tairseach íseal ann ag baint leis an tseirbhís. An phríomhaidhm atá ann ná an baol ón dochar a bhaineann le bheith ag codladh amuigh san aimsir fhuar a laghdú, cuir i gcás baol an bháis ó hipiteirme. Na cuspóirí móra ginearálta atá ann ná an baol de dheasca na drochaimsire le linn an gheimhridh go ndéanfar dochar do dhaoine gan foscadh – go háirithe daoine a bhíonn ag codladh amuigh – a laghdú oiread agus is féidir, obair a dhéanamh i gcomhar le daoine chun bealaí chun éalú as an gcodladh amuigh agus as an easpa dídine a aimsiú agus a bhaint amach agus feidhmiú mar phointe le daoine a atreorú chuig seirbhísí cóiríochta, tithíochta, sláinte agus téarnaimh. Cuireann Comhairle Cathrach na Gaillimhe an tseirbhís i bhfeidhm gach geimhreadh, an tseirbhís á maoiniú ag an RTRÁO agus á riar ag COPE na Gaillimhe. Is é atá ar fáil don tseirbhís seo in 2024/25 ná 19 leaba i seomraí leapa roinnte in áitreabh in oirthear Chathair na Gaillimhe.

### Freagairt ar an Drochaimsir

Is éard atá sa Fhreagairt Adhaimsire freagairt éigeandála ar thairseach íseal i gCathair na Gaillimhe. An aidhm is mó atá ann ná laghdú a bhaint amach ar an mbaol ó thaobh sábháilteachta de agus ar an mbaol don tsláinte a bhaineann le bheith ag codladh amuigh nuair a bhíonn teagmhais adhaimsire ann, is é sin aimsir is cúis le Foláireamh Aimsire Dearg nó teochtaí reoite thar thréimhse fhada. Tá an tSeirbhís á riar ag COPE na Gaillimhe thar ceann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Téann an tSeirbhís i mbun gnóthaí gan ach gearrfhógra ann. Baintear leas as ionad pobail áitiúil le lóistín oíche a chur ar fáil chomh maith le béilí agus deochanna teo. Gnéithe eile den fhreagairt seo freisin ná síneadh le huaireanta oibre tráthnóna san Ionad Lae agus for-rochtain spriocdhírithe sráide.

## Ionad Lae Theach na Coiribe, Bóthar Uí Chuirc

Tá réimse seirbhísí á gcur ar fáil san Ionad Lae i dTeach na Coiribe d'fhir agus do mhná atá gan dídean nó atá i mbaol ón easpa dídine. Seo samplaí de na seirbhísí sin: bearta le nach bhfágfar an duine gan dídean, atreorú chuig cóiríocht éigeandála agus seirbhísí tacaíochta eile, cúnamh chun íocaíochtaí leasa shóisialta agus teidlíochtaí eile a fháil, cúnamh leis an bpróiseas chun iarratas a dhéanamh ar thithíocht agus chun post a aimsiú agus a fháil, cúnamh le deiseanna oiliúna agus forbartha scileanna a fháil chomh maith le scileanna praiticiúla saoil agus tacaíocht chun buiséad a dhéanamh.

Bíonn an tSeirbhís ag feidhmiú seacht lá sa tseachtain.  Tá tacaíochtaí praiticiúla éagsúla ar fáil san ionad - bia, níochán éadaí agus cithfholcadh cuir i gcás. Is féidir le daoine atá gan dídean plé leis an bhfoireann ildisciplíneach sláinte agus leasa sin in Ionad Lae Theach na Coiribe. Is iad na seirbhísí atá ann clinic dochtúra teaghlaigh agus clinic altra gach seachtain, clinic coslia uair sa mhí, clinic gach seachtain le comhairleoir a phléann le mí-úsáid substaintí agus deiseanna chun labhairt le duine den fhoireann meabhairshláinte de réir mar is gá.   Spás sóisialta d'úsáideoirí na Seirbhíse é an t-ionad le gur féidir le daoine bualadh le daoine eile agus caife, tae, anraith nó ceapaire a fháil.  Cuirtear béilí cothaitheacha teo ar fáil ann freisin.

Obair eile a dhéantar tríd an tSeirbhís seo ná go gcuirtear teaghlaigh - lánúnacha nó daoine singile - i gcóiríocht éigeandála phríobháideach agus go dtugtar tacaíocht dóibh.  Bíonn an tSeirbhís ag obair go díreach le liosta cliant, é sin ar an láthair san Ionad Lae agus ar bhonn teagmhála sna timpeallachtaí éagsúla don chóiríocht éigeandála phríobháideach - tithe leapa agus bricfeasta ina measc.  Leis an tacaíocht seo, cuirtear tacaíocht duine le duine ó oibrí bunriachtanach ar fáil i dtaca le réimse de riachtanais aitheanta. Cuirtear béim ar leith ar Iarratais um Riachtanais Tithíochta a líonadh agus a chur isteach chomh maith le cóiríocht chun bogadh ar aghaidh a chuardach agus a aimsiú. Cuirtear cúnamh ar fáil chomh maith chun tithíocht, tacaíocht leasa agus tacaíocht sláinte a fháil.

## Ionad Lae Nuathógtha

Tá pleananna ar bun chun Ionad Lae nua a thógáil san áit a bhfuil an tIonad Lae reatha. Mar chuid den obair seo beidh sé riachtanach an tSeirbhís seo a aistriú go háit eile agus an obair foirgníochta ag dul ar aghaidh. Na pleananna atá ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe ná pleananna d'fhoirgneamh nua trí stór. Beidh na háiseanna atá ar fáil faoi láthair taobh istigh d'achar an fhoirgnimh ar fáil, ach iad ar chaighdeán níos airde. Beidh seomraí leapa sa stór uachtarach a mbeifear in ann iad a úsáid mar Fhreagairt amach anseo ar Aimsir Fhuar nó mar chóiríocht shealadach éigeandála bhreise san am atá le teacht.

# *Cóiríocht Éigeandála*

## Teach na Mainistreach

Clann Shíomóin na Gaillimhe - Cóiríocht Shealadach Éigeandála 24/7 faoi Thacaíocht do 15 fhear.

## Brú Fhaiche an Aonaigh

Seirbhís Shealadach Éigeandála Cóiríochta 24/7 faoi thacaíocht is ea Brú Fhaiche an Aonaigh, d'fhir, á riar ag COPE na Gaillimhe, chun glacadh le suas le 26 fear i gcóiríocht seomraí leapa singile.

## Brú Osterley Lodge do Mhná

Seirbhís Shealadach Éigeandála Cóiríochta 24/7 faoi thacaíocht is ea Osterley Lodge, do mhná, á riar ag COPE na Gaillimhe, chun freastal ar mhná singile fásta. Tá an tseirbhís in ann glacadh le suas le 12 ban i gcóiríocht seomraí leapa singile.

## Mol Teaghlaigh Thearmann na Coiribe

Seirbhís Shealadach Éigeandála Cóiríochta 24/7 faoi thacaíocht is ea Mol Teaghlaigh Thearmann na Coiribe do theaghlaigh, á riar ag COPE na Gaillimhe agus acmhainní ann chun glacadh le 10 dteaghlach tuismitheora aonair. Tá a sheomra folctha féin i ngach seomra leapa agus tá seirbhísí comhchoiteanna cistine ann. Chomh maith leis sin, tá seomraí pobail ann, seomra oideachais, áiseanna níocháin éadaí agus spás súgartha taobh amuigh do leanaí.

## Cóiríocht Éigeandála Phríobháideach (CÉP)

Bítear ag brath ar chóiríocht éigeandála phríobháideach chun freastal ar na riachtanais chóiríochta éigeandála a bhíonn ag teaghlaigh, lánúnacha agus daoine singile áirithe gan dídean i gComhairle Chontae na Gaillimhe. Oibríonn Seirbhísí Teaghlaigh COPE na Gaillimhe leis an socrúchán agus le tacaíocht do theaghlaigh a chur ar fáil, atreoraithe ag an gComhairle Cathrach. Cuirtear oibrí bunriachtanach ar fáil chomh maith. Ar an gcaoi chéanna, cuireann Ionad Lae Theach na Coiribe, COPE na Gaillimhe, socrúchán agus tacaíocht ar fáil do dhaoine aonair agus do lánúin agus cuirtear tacaíocht bhunriachtanach ar fáil. Bíonn COPE na Gaillimhe ag feidhmiú mar an teagmhálaí le soláthraithe cóiríochta éigeandála príobháidí - déanann siad sonraisc agus íocaíochtaí a riar agus téann siad i dteagmháil le soláthraithe ó lá go lá.

## *Bealaí amach as an Easpa Dídine*

## Tithíocht ar dTús

Cuireadh an tseirbhís Tithíocht ar dTús ar bun i gCathair na Gaillimhe in 2019 mar iarracht chomhchoiteann idir Comhairle Cathrach na Gaillimhe, FSS, Clann Shíomóin na Gaillimhe agus COPE na Gaillimhe. Cuireadh leis an obair seo in 2021 chomh fada le Comhairle Chontae na Gaillimhe, Comhairle Contae Mhaigh Eo, Comhairle Contae Ros Comáin agus na limistéir riaracháin a mbaineann leo.

## Bunaithe ar Thithíocht

Tá Clár bunaithe ar Thithíocht á riar ag Clann Shíomóin na Gaillimhe do chliaint nach bhfuil cáilithe don tseirbhís Tithíocht ar dTús chun tacaíocht agus bealaí amach as an easpa dídine a thabhairt do chliaint a bhfuil cúlra den easpa dídine acu agus réimse de riachtanais tacaíochta acu. Tá árasáin agus tithe ag an eagraíocht le go mbeidh ráthaíocht tionachta acu mar aon le tacaíocht leis an tionóntacht a chothú.

## Seirbhísí Tacaíochta Ardleibhéil

An tithíocht faoi thacaíocht atá ag Clann Shíomóin na Gaillimhe, tá an tithíocht sin ann d'fhir a bhfuil riachtanais éagsúla acu, a bhfuil cúlra acu den teagmháil rialta le Seirbhísí do Dhaoine gan Dídine agus/nó a dteastaíonn tacaíocht fadtéarma uathu. Mar chuid den tSeirbhís tá 3 theach chun freastal ar fhir shingile. Bíonn oibrí ann do gach teach 24 uair an chloig. Cuireann oibrithe cúraim shóisialta agus seirbhísí speisialaithe tacaíocht ar fáil maidir le handúil, sláinte coirp agus meabhairshláinte. Tá spás sa tSeirbhís do 21 fear.

## Seirbhísí do Mhná agus do Theaghlaigh

Cuireann Seirbhís Chlann Shíomóin na Gaillimhe do Mhná agus do Theaghlaigh trí leibhéal éagsúla tacaíochta ar fáil ag brath ar an leibhéal riachtanais a bhíonn ann.

- Tá an tSeirbhís Cónaithe ar leibhéal ard Tacaíochta in ann cóiríocht a chur ar fáil do cheathrar ban in aon am amháin. Bíonn oibrí ann 24/7. Na mná seo, bíonn cúlra acu den easpa dídine fadtéarma agus de riachtanais éagsúla. Bíonn cuid acu tar éis dul trí an-drochíde coirp agus/nó ghnéasach. Bíonn na baill foirne dírithe ar thacaíocht a thabhairt do chliaint na fadhbanna ba chúis leis an easpa dídine a bhainistiú agus le dul ar aghaidh chun bheith ina gcónaí go neamhspleách.
- Tugtar tacaíocht do sheisear ban eile in aon am amháin sa tseirbhís Tithíocht sa Phobal agus faigheann siad an-tacaíocht ar cuairt ón tseirbhís.
- Ina theannta sin, cuireann Clann Shíomóin na Gaillimhe seirbhísí cuimsitheacha tacaíochta ar fáil ar bhonn for-rochtana do mhná atá singil agus do theaghlaigh atá i mbaol ón easpa dídine. Féadfaidh cliaint idirghabhálacha gearra a fháil chun deacrachtaí a réiteach nó bainistíocht níos gníomhaí a fháil dá gcás ina mbeidh meascán Seirbhísí de dhíth le deacracht tithíochta a réiteach agus/nó ionas go mbeifear in ann tionóntacht a choinneáil.

## Tithíocht Phobalbhunaithe

Ós rud é go bhfuil ganntanas tithíochta i nGaillimh, agus mar mhalairt ar Chóiríocht Éigeandála, cuirtear Tithíocht Phobalbhunaithe (roghanna comhroinnte tithíochta idirthréimhse) ar fáil mar réiteach eatramhach nuair a bhítear ag fanacht ar thairiscint bhuan chuí chóiríochta. I gCathair na Gaillimhe, tá 79 spás leapa á mbainistiú ag COPE na Gaillimhe faoi láthair in 23 áitreabh, is é sin meascán d'árasáin agus de thithe atá faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus COPE na Gaillimhe agus cinn atá faoi úinéireacht phríobháideach. Tá tacaíocht ar fáil ó oibrithe sa tithíocht phobalbhunaithe seo – meascán de thacaíocht ar an láthair agus tacaíocht ó oibrithe atá gar don láthair. Cuireann Clann Shíomóin na Gaillimhe 39 leaba ar fáil do dhaoine atá singil agus tacaíocht ar

cuair ann sa Tithíocht Phobalbhunaithe sa Chathair. Cuirtear na háitribh seo ar fáil de ghnáth ar bhonn ceadúnais. Bíonn ról suntasach bainistithe maoine agus cothabhála ar bhonn leanúnach ag COPE na Gaillimhe agus ag Clann Shíomóin na Gaillimhe.

## Mo Bhaile Féin

Tá an tionscadal Mo Bhaile Féin á chur ar féin mar gheall ar obair a dhéanann Seirbhísí Meabhairshláinte FSS sa Réigiún CHO2 i nGaillimh, Maigh Eo agus Ros Comáin agus Clann Shíomóin na Gaillimhe i gcomhar a chéile.  Cuireann an tSeirbhís tacaíocht cúraim shóisialta ar fáil d'úsáideoirí seirbhísí meabhairshláinte agus iad ag aistriú ó thimpeallachtaí meabhairshláinte go dtí an cónaí neamhspleách.

## Athlonnú agus Tacaíocht ón bhFoireann Tacaíochta Tionóntachtaí

Tá foireann i gClann Shíomóin na Gaillimhe agus in COPE na Gaillimhe araon a bhíonn ag plé le Tacaíocht Tionóntachtaí, foirne a chuireann tacaíocht ar fáil dóibh siúd a bheadh ag bogadh ó chineálacha éagsúla de chóiríocht shealadach – cuir i gcás Cóiríocht Éigeandála Phríobháideach, Cóiríocht Shealadach faoi Thacaíocht agus Tithíocht Phobalbhunaithe – le go mbeidís in ann bogadh ar aghaidh agus glacadh le tionóntacht.

## Seirbhísí Teaghlaigh

Maidir le Teaghlaigh gan Dídean a chuirtear agus dá dtugtar lóistín dóibh i gcóiríocht éigeandála phríobháideach agus in aonaid lóistín doras féin neamhspleácha faoi cheadúnas, déantar a gcás a bhainistiú agus bíonn oibrí bunriachtanach acu agus tacaíocht ann ó fhoireann na Seirbhíse do Theaghlaigh in COPE na Gaillimhe.  Cuireann an fhoireann seo tacaíocht athlonnaithe ar fáil do theaghlaigh agus iad ag aistriú go dtí an cónaí neamhspleách agus tacaíocht leanúnach tionóntachta ar fáil do theaghlaigh a bhí gan dídean tráth.  Bíonn idir 100 agus 120 cás ann in aon am amháin go hiondúil.

## Seirbhísí Sláinte agus Folláine do Dhaoine gan Dídean

I gClann Shíomóin na Gaillimhe, bíonn foireann ildisciplíneach um shláinte agus folláine, á maoiniú ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), ag obair chun go mbeidh teacht ar thacaíocht sláinte ag daoine a chodlaíonn amuigh agus ag cliaint seirbhísí do dhaoine gan dídean sa Réigiún.

Cuireann an fhoireann Dochtúir Teaghlaigh ar fáil (lá sa tseachtain) chomh maith le tacaíocht altranais, síceolaíochta, teiripe saothair agus andúile.  Tá Clár Díthocsainithe Pobail á chur ar fáil ag Clann Shíomóin na Gaillimhe fosta. Diomaite den dochtúir teaghlaigh, a bhíonn ag obair ann go páirtaimseartha agus a bhfuil a chleachtas féin le riar ar laethanta eile, bíonn na hoibrithe in ann cuairt a thabhairt ar chliaint nó saoráidí ar amanna de réir mar a shocraíonn siad é le hoibrithe tacaíochta. Buailfidh altraí isteach chuig cliaint lena sheiceáil an bhfuil a gcógas á ghlacadh acu agus le cuidiú leo leis an saol i ndiaidh an ospidéil má bhíonn imní ann nach mbeidh siad féin in ann é sin a dhéanamh go neamhspleách. Tugann an fhoireann tacaíocht faoi leith don tionscnamh Tithíocht ar dTús.

Uair sa tseachtain, bíonn baill den fhoireann páirteach i gcuairt sa phobal ar dhaoine a bhíonn ag codladh amuigh agus, ina dteannta, bíonn oibrithe for-rochtana nó ón ionad lae ó COPE na Gaillimhe. Bíonn an dochtúir teaghlaigh i láthair leo agus labhraíonn leis na daoine a bhíonn ag codladh amuigh lena fháil amach an bhfuil aon bhaol sonrach ann dá sláinte, an gá dóibh dul chun an ospidéil nó chuig a ndochtúir teaghlaigh féin nó ar chóir dóibh clárú le dochtúir mura bhfuil dochtúir acu. Agus an chuairt tugtha ag an bhfoireann ar na daoine a bhíonn ag codladh amuigh i Lár na Cathrach agus láithreacha eile, téann siad ansin go dtí an tIonad Lae agus tugann siad faoi seisiúin leighis ansin. Tá an-éileamh ar fad ar na clinicí seo ós rud é go bhfuil cliaint go leor ann nach bhfuil cláraithe le dochtúirí teaghlaigh agus a bhfuil deacrachtaí sláinte acu.

Chomh maith leis an tacaíocht speisialaithe sláinte agus folláine a chuireann foireann ildisciplíneach Chlann Shíomóin na Gaillimhe ar fáil, déanann an fhoireann seirbhísí tacaíochta eile a chomhordú do chliaint, cuir i gcás seirbhísí fiaclóireachta agus cosliachta.

Is éard is Slí Nua ann foireann pobail meabhairshláinte do dhaoine gan dídean i gCathair na Gaillimhe. Tá sé lonnaithe san áit chéanna ina bhfuil Foireann Sláinte agus Folláine Chlann Shíomóin na Gaillimhe in áitreabh atá á chur ar fáil ag Clann Shíomóin na Gaillimhe. Fágann sé sin go bhfuil comhar níos fearr ann idir na gníomhaireachtaí agus gur féidir an tacaíocht a chur ar fáil go díreach do chliaint gan dídean ar fud na Cathrach.

## Seirbhís um Lánpháirtiú Sóisialta

Tá Seirbhís um Lánpháirtiú Sóisialta forbartha ag Clann Shíomóin na Gaillimhe mar aitheantas ar an tionchar a imríonn an easpa dídine ar dhaoine chun líonraí a scriosadh agus cliaint a fhágáil scartha amach, cuir i gcás cliaint nach mbeadh teagmháil acu lena dteaghlach nó a bheadh bogtha amach as a bpobal. I gcás daoine atá i ndiaidh dul faoi thráma eile, cuir i gcás andúil nó deacrachtaí meabhairshláinte, seans go mbeidh bacainní breise rompu maidir le dul ar ais sa tsochaí arís agus ceangal a dhéanamh le daoine sa phobal, fiú má bhíonn an chuma ar chúrsaí go bhfuil a staid tithíochta reatha socraithe. Aithnítear anois go mbíonn seans níos lú ann go mbeidh an duine sin gan dídean arís má thugtar tacaíocht i dtionóntachtaí do dhaoine a bhfuil riachtanais chasta acu le hiad a chothú sna tionóntachtaí sin. Ar a bharr sin, má thugtar seans do dhaoine deiseanna a fháil ar an teagmháil shóisialta, oideachas nó obair fhoirmiúil nó neamhfhoirmiúil agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí spóirt, fóillíochta nó sóisialta eile, bíonn siad in ann a bheith mar pháirt dá bpobal agus saol níos nasctha agus níos sásúla a chaitheamh.

In 2022, rinne Clann Shíomóin na Gaillimhe infheistíocht lena Seirbhís um Lánpháirtiú Sóisialta a fhorbairt agus tacaíocht mar sin a chur ar fáil. Déanann an tSeirbhís seo soláthar réimse leathan gníomhaíochtaí sóisialta agus cruthaitheacha a chomhordú, mar aon le conairí chun oideachas breise agus oiliúna. Chomh maith leis sin, cuirtear “Stiúideo Foghlama” ar fáil le go mbeidh teacht ag cliaint ar chúrsaí oiliúna ar líne agus tacaíochtaí eile. Cuireann Pobal Shíomóin na Gaillimhe cuibhreann ar fáil do chliaint le go mbeidh siad in ann tairbhe a bhaint as an bhfás taobh amuigh, a mbaineann buntáistí teiripeacha cruthaithe leis, mar aon le deiseanna lena gcuid bia féin a fhás.

### Seirbhís Chlann Shíomóin um Lánpháirtiú Sóisialta - daoine fásta ag baint leas as seirbhísí in 2022

| |
|---|
| Bhí 156 duine páirteach sa chuibhreann |
| Bhí 130 duine páirteach i gCór Shíomóin na Gaillimhe |

| |
|---|
| Bhí 41 duine páirteach i seisiúin oiliúna duine le duine |
| Bhí 26 duine páirteach i seisiúin taithí oibre |
| D’éirigh le 5 (cúigear) fostaíocht pháirt-aimseartha a fháil |
| D’éirigh le 2 (beirt) fostaíocht a fháil sa Scéim Fostaíochta Pobail |
| D’éirigh le 3 (triúr) cáilíocht DCCÉ ar leibhéal 3/4/5 a fháil |

***Foinse: Clann Shíomóin na Gaillimhe, Tuarascáil Tionchair Bhliantúil, 2022***

## *Seirbhísí do Dhaoine Óga gan Dídean*

Tá Seirbhísí i bhfeidhm i nGaillimh le tamall de bhlianta anuas atá dírithe go sonrach ar thacaíocht a chur ar fáil do dhaoine óga atá gan dídean nó atá i mbaol ón easpa dídine. I gcás a lán daoine óga a fhágann timpeallachtaí cúraim, ní bhíonn an tacaíocht acu ón teaghlach a bhíonn ag an gcuid is mó de dhaoine agus iad ag fágáil an bhaile, tacaíocht chun cuidiú leo san aistriú chuig saol neamhspleách mar dhuine fásta. Dúshlán eile a bhíonn ann ná le bheith mar thionónta, a mbaineann freagrachtaí leis, agus an saol a bhainistiú go neamhspleách.

Is é TUSLA, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, an comhlacht atá freagrach as leanaí atá i gcúram agus cuireann an comhlacht Seirbhís Iarchúraim ar fáil chun tacú leis na daoine óga seo nuair a éiríonn siad ró-aosta don chóras. Sula mbaineann daoine óga 18 mbliana d’aois amach, ceapann TUSLA oibrí bunriachtanach chun tacaíocht a thabhairt dóibh lena roghanna a mheas agus iad ag imeacht ón gcúram. Bíonn deis acu leas a bhaint as pacáiste tacaíochta iarchúraim, ar féidir leis an duine óg féin é a chaitheamh, nó ar féidir é a úsáid le cineálacha sonracha tacaíochta a chur ar fáil, comhairleoireacht más gá. Bíonn TUSLA ag obair, chomh maith, le gníomhaireachtaí eile a bheadh ag tacú leis na daoine óga seo agus iad 18 mbliana d’aois.

Maille le daoine óga a fhágann timpeallachtaí cúraim, tá níos mó agus níos mó daoine óga ó gach cúlra agus ó gach comhthéacs buailte ag an easpa dídine agus sa tóir ar thacaíocht ó sholáthraithe seirbhísí agus ó Údaráis Áitiúla. Tá curtha in iúl ag COPE na Gaillimhe go bhfuil fás ar an líon daoine ar an aois seo a bhaineann leas as seirbhísí ina ionad lae, Teach na Coiribe. Mar iarracht chun freastal ar an bhfás seo ar an éileamh, táthar tar éis cur leis na hacmhainní atá ag Clann Shíomóin na Gaillimhe, ó thaobh oibrithe agus bainistiú áiteanna cónaithe de, sa tSeirbhís atá ag an eagraíocht a bhíonn ag plé go hiomlán leis an Easpa Dídine Óige, Tá curtha in iúl ag oibrithe ó Chlann Shíomóin na Gaillimhe agus ón Eagraíocht No4 Youth go bhfuil an chuma air go mbíonn níos mó daoine óga ag codladh i gcarranna nuair a thagann siad go Cathair na Gaillimhe chun bheith ag obair nó ag staidéar toisc nach n-éiríonn leo cóiríocht inacmhainne a aimsiú.  Deacracht a bhíonn ag daoine uaireanta agus iad ag iarraidh clárú le tacaíocht a fháil ó Sheirbhísí do Dhaoine gan Dídean ná nach n-aithnítear iad mar dhaoine a bhfuil limistéar leasa acu sa chathair toisc nach bhfuil ceangal láidir go leor acu le limistéar na cathrach bunaithe ar chaidreamh oibre, teaghlaigh nó ar áit chónaithe roimhe sin le go mbeidh siad cáilithe mar dhuine gan dídean i limistéar na cathrach. D’fhéadfadh sé go mbeadh nasc ní ba láidre acu le háit eile a mbeadh cónaí orthu roimhe. Tá méadú ag teacht ar an líon daoine óga ón Lucht Siúil a mbíonn clann acu agus iad óg agus atá ag clárú mar dhaoine gan dídean. Tá cuid mhaith acu ann nach mbeidh 18 mbliana d’aois go fóill agus nach mbeidh in ann, mar sin, dul ar an liosta tithíochta.

## Seirbhís Óige Chlann Shíomóin na Gaillimhe

Bunaíodh Seirbhís Óige Chlann Shíomóin na Gaillimhe in 2016 i gcomhar le Comhairle Chontae na Gaillimhe agus TUSLA chun tacú le daoine óga atá buailte ag an easpa dídine nó i mbaol ón easpa dídine. Cuid mhaith acu, is daoine óga iad atá ag fágáil socrú cúraim. Bíonn an tSeirbhís seo ag obair le daoine fásta óga, 18 mbliana go 25 bliain d'aois, ionas nach mbeidh siad gan dídean arís agus arís eile. Bíonn foireann d'oibrithe speisialaithe ag tacú leis na daoine óga seo lena gcuid scileanna a fhorbairt le go mbeidh siad in ann maireachtáil go neamhspleách. Tá cóiríocht chónaithe curtha ar fáil go speisialta ag Clann Shíomóin na Gaillimhe chun tithíocht idirthréimhse a chur ar fáil do dhaoine fásta óga. Lena chois sin, bíonn Clann Shíomóin na Gaillimhe ag obair i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus TUSLA le háiteanna cónaithe a cheannach faoi Scéim TUSLA um Fháltas Caipitiúil le tionóntachtaí a chur ar fáil atá curtha i leataobh do dhaoine óga fásta agus iad ag fágáil socrú cúraim. Bíonn teacht ag na daoine fásta óga ar fad a fhaigheann tacaíocht ó Fhoireann na Seirbhíse don Óige i gClann Shíomóin na Gaillimhe ar thacaíocht rialta ó oibrí bunriachtanach ar an bhfoireann. Bíonn teacht acu chomh maith ar an bhfoireann ildisciplíneach, foireann a sholáthraíonn tacaíocht sláinte, meabhairshláinte, síceolaíochta agus andúile, mar aon le tacaíocht chun dul ar ais sa tsochaí ar ais. Tugann foireann na Seirbhíse Óige tacaíocht do dhaoine óga aistriú ó thithíocht idirthréimhse go socrú neamhspleách agus cuireann tacaíocht teagmhála agus tacaíocht cothaithe tionóntachta ar fáil i gcónaí de réir mar is cuí. Bhí daoine óga ó Sheirbhís Óige Chlann Shíomóin na Gaillimhe páirteach sa taighde as ar eascair an t-ullmhúchán don Straitéis Náisiúnta um an Easpa Dídine Óige. Ghlac líon beag daoine óga a bhí ag cur fúthu i dtithíocht idirlinne páirt chomh maith i gcomhairliúchán chun an Plean Gníomhaíochta nua seo um an Easpa Dídine do Réigiún an Iarthair a ullmhú. Tá Seirbhís Óige Chlann Shíomóin na Gaillimhe ag soláthar seirbhísí i gContae na Gaillimhe anois. Tá seirbhísí nua beartaithe do Mhaigh Eo agus Ros Comáin faoin bplean nua.

## An tSeirbhís Óige No 4

Seirbhís is ea Seirbhís Óige No4 atá seanbhunaithe agus lonnaithe i Lár Chathair na Gaillimhe. Seirbhís Óige Dheoise na Gaillimhe an t-ainm a bhí ar an tseirbhís roimhe seo. Tá an tseirbhís ag feidhmiú ó fhoirgneamh i Sráid San Aibhistín, áit a bhfuil seirbhís buail isteach acu cúig lá sa tseachtain do dhaoine fásta óga, agus béim ar leith ar dhaoine atá leochaileach, cuir i gcás daoine óga gan dídean nó daoine a bhfuil baol ann go mbeidh siad gan dídean. Faightear bunmhaoiniú don tionscadal seo tríd an mBord Oideachais agus Oiliúna. Cuireann foireann d'oibrithe óige tacaíocht ar fáil, mar shampla scileanna saoil, tacaíocht chun oideachas agus oiliúint a fháil, tacaíocht chun pubaill agus táirgí sláinteachais a fháil, seirbhísí cithfholctha, béilí agus teacht ar chistin inar féidir scileanna cócaireachta agus cothaithe a fhorbairt. Ar an bhfoireann seo chomh maith tá speisialtóir gairmthreorach a chuidíonn le daoine óga i ngach gné den teacht ar ais chuig an oideachas nó chun roghanna cuí a ghlacadh le deiseanna oideachais, oiliúna nó oibre a fháil. Daoine óga a bhíonn ag codladh amuigh nó a bhaineann leas as seirbhís an Ionaid Lae atá á reáchtáil ag COPE na Gaillimhe, is minic a dhéantar iad a atreorú go No4 le tacaíocht a fháil a bheadh ní b'oiriúnaí chun freastal ar na riachtanais a bhíonn ag daoine óga atá gan dídean agus deiseanna a thabhairt dóibh am a chaitheamh le daoine ar comhaois leo agus, san am céanna, tacaíocht a fháil le dul i ngleic leis an easpa dídine.

## Contae na Gaillimhe

Clúdaíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe limistéar an-fhairsing. Tá imeall an Chontae faoin tuath agus tá daonra níos dlúithe sna bailte móra agus bruachbhailte gar do Chathair na Gaillimhe. Tá an Contae ina dhá leath, oirthear agus iarthar, agus eatarthu tá an Chathair agus Loch Coirib. Táthar ag freastal ar dhaonra 179,048 duine (Daonáireamh 2016) agus cuid mhaith de na daoine sin ag obair sa Chathair. Tá praghas agus an teacht ar thithíocht i limistéar an Chontae ag brath go mór ar chomh gairid atá an turas go geilleagar láidir uirbeach.

Is iad na hoibrithe atá ag obair sna Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean i gComhairle Chontae na Gaillimhe Oifigeach Riaracháin, Oifigeach um Chothú Tionóntachtaí, Aimsitheoir Áite faoin Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta, Oifigeach Tacaíochta do Dhaoine gan Dídean, Oibrí Tacaíochta do Dhaoine gan Dídean agus tacaíocht acu ó Oifigeach Cléireachais. Tá na róil Oifigeach Cothaithe Tionóntachtaí, Aimsitheoir Áite ÍCT agus Oifigeach Tacaíochta do Dhaoine gan Dídean á maoiniú 90% faoi alt 10. Bíonn an fhoireann um an easpa dídine ag obair leis an bhfoireann oibre sóisialta - Oibrí Sóisialta Sinsearach agus beirt Oibrithe Shóisialta. Déantar róil Oibre Sóisialta a mhaoiniú tríd an Aonad Cóiríochta do Thaistealaithe.

Faightear cásanna atreoraithe go seirbhísí easpa dídine do Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar an teileafón nó nuair a thagann daoine isteach chuig an gcuntar poiblí sa Rannóg Tithíochta. Faightear atreorú chomh maith ó Eagraíochtaí Neamhrialtasacha Easpa Dídine – COPE na Gaillimhe agus Clann Shíomóin na Gaillimhe. Agus an measúnú ar easpa dídine curtha i gcrích, cuirtear daoine a mheastar a bheith gan dídean ar aghaidh go dtí an tSeirbhís chuí. Níl sé ina cheanglas gur iarratasóir incháilithe ar thithíocht a bheidh i nduine chun Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean a fháil. Mar sin féin, nuair a dhéantar an measúnú, iarrtar ar an duine iarratas comhlánaithe ar thithíocht a chur isteach, mar aon le cáipéisí tacaíochta, chun nasc áitiúil a shonrú agus leis an réiteach tithíochta is oiriúnaí a aimsiú.

Tá méadú suntasach tagtha ar an líon daoine a thagann isteach le Seirbhísí na Comhairle do Dhaoine gan Dídean a lorg. Tá ardú ag teacht ar an líon daoine agus teaghlach a thagann isteach agus riachtanais chasta ann a dteastaíonn tacaíochtaí breise uathu ó ghníomhaireachtaí éagsúla. Mar shampla, in aon mhí amháin, tháinig 25 cás isteach (Meán Fómhair 2023) - daoine singile iad 19 gcás acu, lánúin ab ea 1 chás amháin agus teaghlaigh iad 6 chás.

Seo na fadhbanna éagsúla a sonraíodh leis an 25 cás den easpa dídine:

- 8 gcás a raibh fadhbanna meabhairshláinte acu
- 4 chás a raibh Fógraí Fágála acu
- 3 chás a raibh fadhbanna alcóil acu
- 2 chás de dhaoine a bhí ag roinnt lóistín in éadan a dtola
- 1 chás d’fhadhbanna drugaí
- 1 chás d’fhadhbanna meabhairshláinte agus sláinte coirp
- 1 chás de dhuine a scaoileadh saor ón bpríosún agus fadhbanna ardleibhéil meabhracha/coirp/eile ann
- 1 chás a atreoraíodh chun na Comhairle Cathrach
- 1 chás de dhuine gan aon cheart cónaithe ag an duine
- 1 chás gan aon nasc áitiúil (nasc déanta le seirbhísí Bhaile Átha Cliath do dhaoine gan dídean)
- 1 chás de dhuine a dhiúltaigh an measúnú a chríochnú

- 1 chás nach bhfuiltear cinnte faoi - coinníodh eolas siar

Is léir ón éagsúlacht anseo go bhfuil castacht i gceist leis an speictream cásanna agus leagtar béim ar chuid de na dúshláin a bhíonn ann cóiríocht éigeandála agus tacaíocht a aimsiú, chomh maith leis na dúshláin a bheidh roimh a lán acu tionóntachtaí inbhuanaithe níos fadtéarmaí a fháil.

## Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)

Ar aon dul le Cathair na Gaillimhe, tá sé ag éirí níos deacra i gcónaí áitribh inacmhainne a fháil agus cloí le leibhéil an ÍCT. Tá deiseanna áirithe curtha ar fáil do dhaoine áitribh inacmhainne phríobháideacha a fháil ar cíos sa Chontae mar gheall ar an mbreisiú breise i dtacaíochtaí ÍCT dóibh siúd a mheastar a bheith gan dídean, a chuimsíonn éarlais agus cíos míosa roimh ré.

**Figiúirí le haghaidh Atreoruithe go ÍCT do Dhaoine gan Dídean i gContae na Gaillimhe**

| Bliain | An líon Atreoruithe go ÍCT do Dhaoine gan Dídean |
|---|---|
| 2023 (figiúr 10 mí) | 141 |
| 2022 | 104 |
| 2021 | 122 |
| 2020 | 113 |
| 2019 | 133 |

***Foinse: Aimsitheoir Áite ÍCT, Comhairle Chontae na Gaillimhe, 12 Deireadh Fómhair 2023***

## Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean i limistéar Chomhairle Chontae na Gaillimhe

### Cóiríocht Éigeandála Phríobháideach i gContae na Gaillimhe

Bítear ag brath ar chóiríocht éigeandála phríobháideach chun freastal ar na riachtanais chóiríochta éigeandála a bhíonn ag teaghlaigh gan dídean i gComhairle Chontae na Gaillimhe. Oibríonn Seirbhísí Teaghlaigh COPE na Gaillimhe leis an socrúchán agus le tacaíocht do theaghlaigh a chur ar fáil, atreoraithe ag an gComhairle Contae. Cuirtear oibrí bunriachtanach ar fáil chomh maith. Ar an gcaoi chéanna, cuireann Ionad Lae Theach na Coiribe, COPE na Gaillimhe, socrúchán agus tacaíocht ar fáil do dhaoine aonair agus do lánúin agus cuirtear tacaíocht bhunriachtanach ar fáil. Bíonn COPE na Gaillimhe ag feidhmiú mar an teagmhálaí le soláthraithe cóiríochta éigeandála príobháidí - déanann siad sonraisc agus íocaíochtaí a riar agus téann siad i dteagmháil le soláthraithe i dtaca le caighdeáin, srl.

### Tithíocht Phobalbhunaithe i gContae na Gaillimhe

Tá cúig Theach Pobalbhunaithe curtha ar fáil ag Comhairle Chontae na Gaillimhe sa chontae. Tá 11 chliant gan dídean ina gcónaí sna tithe sin i dtimpeallacht roinnte sa ghearrthéarma go dtí an

meántéarma. Tá riachtanais éagsúla tacaíochta acu.  Tá sé beartaithe cur leis an tSeirbhís seo chun freastal ar na riachtanais a bheadh ag 14 dhuine eile i seacht dteach, lonnaithe i mbailte níos mó ar fud an chontae.  Laghdófar an t-éileamh ar Chóiríocht Éigeandála Phríobháideach agus Cóiríocht Shealadach faoi Thacaíocht dá réir.  Cuireann an Fhoireann Réigiúnach Tacaíochta i bPobal Shíomóin na Gaillimhe tacaíocht ar fáil ó oibrí bunriachtanach agus oibrí tionscadail do na tionóntaí a fhaigheann Tithíocht Phobalbhunaithe chun tacú leo éirí réidh do thionóntachtaí fadtéarma nuair a bheidh tithíocht mar sin ar fáil.

## Tithíocht Phobalbhunaithe do Theaghlaigh

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tar éis seacht dteach a dháileadh ar Iontaobhas Peter McVerry chun tithíocht faoi thacaíocht a sholáthar do theaghlaigh i dTuaim. Na teaghlaigh atá i gceist, bhí deacrachtaí acu ar feadh i bhfad ag baint le tionóntachtaí ar theip orthu, easpa dídine arís agus arís eile, droch-mheabhairshláinte agus tá riachtanais mhóra tacaíochta acu fós.  Tá na réadmhaoine ceadúnaithe d'Iontaobhas Peter McVerry. Bítear ag plé go rialta leis na teaghlaigh. Meastar go bhfanfar ar aghaidh leis an tacaíocht seo san fhadtéarma.  Ó cuireadh an tithíocht seo ar fáil, tá laghdú suntasach ar iompar frithshóisialta sa phobal áitiúil.

## Cuan Mhuire

Seirbhísí speisialaithe chónaitheach andúile is ea Cuan Mhuire ina gcuirtear cláir dhíthocsainithe ar fáil a mhaireann dhá sheachtain déag nó níos faide ná sin. Cliaint a ndéantar iad a atreorú chuig na seirbhísí seo nó a dhéanann iarratas orthu, is riachtanach go mbeidh siad réidh chun éirí as an andúil acu agus plé go hiomlán leis an tacaíocht atá ar fáil agus páirt ghníomhach a ghlacadh sa chlár. Cuirtear maoiniú ar fáil gach bliain ó mhaoiniú um easpa dídine faoi alt 10 d'áiteanna do dhaoine gan dídean a bhfuil fadhbanna tromchúiseacha andúile acu atá sásta dul faoi chlár cónaitheach díthocsainithe. Is féidir leis an gComhairle nó gníomhaireachtaí eile a bhíonn ag obair leo iad a atreorú ar aghaidh chuig seirbhís dá leithéid.

## Ionad Acmhainní Droichid Chlann Shíomóin na Gaillimhe agus an tSeirbhís For-rochtana Réigiúnach

Ó 2011 ar aghaidh, tá Clann Shíomóin na Gaillimhe ag tacú le hIonad Acmhainní i mBéal Átha na Sluaighe, ionad ina bhfuil iarracht déanta tacú le daoine a chodlaíonn amuigh, cuid mhór acu a bhfuil fadhbanna andúile agus meabhairshláinte acu. Tá obair éifeachtach déanta acu thar na blianta ag tacú le cuid mhór de na cliaint san Ionad tionóntachtaí a fháil. Seo a bhí mar bhunús le síneadh le Seirbhís Tacaíochta Réigiúnach, a chuireann tacaíocht ar fáil anois do Sheirbhísí éagsúla sna Contaetha sa Réigiún, cuir i gcás Seirbhísí Óige, Tithíocht Phobalbhunaithe, Seirbhís Tacaíochta Tionóntachta, Tacaíocht do Dhaoine a Chodlaíonn Amuigh agus Tithíocht ar dTús.

## Seirbhísí Óige i gContae na Gaillimhe

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tar éis ceithre theach a chur ar fáil chun tithíocht roinnte faoi thacaíocht a sholáthar do dhaoine óga atá idir 18 mbliana agus 25 bliain d'aois.  Cuireann Clann Shíomóin na Gaillimhe tacaíocht mhór ar fáil agus bíonn ag plé le gníomhaireachtaí seachtracha le go

bhfreastalófar ar riachtanais tacaíochta na ndaoine óga. I gcás na n-áititheoirí ar fad, is ceadúnaithe iad de Chlann Shíomóin na Gaillimhe agus ní mór dóibh plé le hoibrí bunriachtanach a roghnaítear dóibh agus a thacaíonn leo lena gcuid ama a úsáid ar bhealach fiúntach, cuir i gcás san oideachas, oiliúint, fostaíocht, i mbun roghanna tithíochta níos fadtéarmaí a aimsiú, etc. Is i mBaile Locha Riach, i dTuaim agus i mBaile Átha an Rí atá na tithe suite. Tá trí theach oiriúnach do 2 fhear agus tá an t-áitreabh eile ligthe amach do 2 bhan. Tá sé beartaithe tithe eile a cur ar fáil in áiteanna eile sa Chontae, de réir mar a shonrófar riachtanais sa phobal.

Cuid de na háititheoirí, beidh siad tar éis socrú cúraim a fhágáil. Seans go mbeidh baint acu fós le foireann iarchúraim TUSLA. Níl sé ina réamhriachtanas go mbeidh duine ag fáil seirbhísí iarchúraim chun seirbhísí a fháil faoin Scéim Tithíochta don Óige.

Tá ag éirí go han-mhaith leis an tionscnamh tithíochta seo ionas nach mbeidh ar dhaoine óga dul i mbun plé le seirbhísí ginearálta don easpa dídine agus leis an tionchar ón easpa dídine orthu a choinneáil chomh beag agus is féidir.

## Tograí ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun forbairt a dhéanamh amach anseo ar Sheirbhísí do dhaoine gan dídean

- Síneadh curtha leis an Scéim Tithíochta Phobalbhunaithe - dhá áitreabh déag san iomlán curtha ar fáil don scéim.
- Síneadh curtha leis an Scéim Tithíochta Óige - sé áitreabh san iomlán curtha ar fáil don scéim.
- Síneadh curtha leis an Scéim Tithíochta Phobalbhunaithe do Theaghlaigh - deich n-áitreabh san iomlán curtha ar fáil don scéim.
- Síneadh leis an Scéim Tacaíochta do Theaghlaigh bunaithe ar Thithíocht, agus athbhreithniú sásúil déantar ar an gclár píolótach
- Forbairt ar láithreán i mbaile an Chontae chun áis a chur ar fáil ina gcuirfí Freagairt don Aimsir Fhuar ar fáil agus, san áit chéanna, cóiríocht mheántéarma chomhroinnte faoi thacaíocht. Is féidir an chóiríocht seo a athchóiriú mar árasáin doras féin má mheastar gur cuí sin a dhéanamh.
- Mol do theaghlaigh a bhunú i mbaile mór sa Chontae le cóiríocht shealadach faoi thacaíocht a chur ar fáil do theaghlaigh a bhfuil riachtanais chasta acu. Beidh an tsaoráid seo ag obair le nach bhfágfar teaghlaigh gan dídean. Agus an tseirbhís á forbairt, díreofar go speisialta ar chóiríocht do theaghlaigh atá níos mó a mbíonn dúshláin bhreise rompu le cóiríocht ar cíos a fháil.
- Tearmann ón bhForéigean Baile agus réiteach meántéarma tithíochta gaolmhar a fhorbairt do theaghlaigh a bhíonn ag éalú ó chásanna den fhoréigean baile.

## Contae Mhaigh Eo

Contae mór é Maigh Eo atá suite ar Chósta an Atlantaigh. Tuairiscíodh sa daonáireamh deireanach (Príomhoifig Staidrimh, 2022) go raibh daonra 137,970 ann. Tá Seirbhísí Tithíochta Chomhairle Contae Mhaigh Eo á riar i seacht n-oifig limistéir i gceithre cinn de Cheantair Bhardasacha. Ba chóir d'iarratasóirí ar sheirbhísí tithíochta iarratas a dhéanamh lena n-oifig áitiúil féin. Tá Oifig Lárnach Tithíochta i mBéal Átha na Muice atá freagrach as beartas tithíochta. Seo an áit a bhfuil na haonaid don ÍCT agus SCC. Aon teaghlach atá gan dídean nó i mbaol ón easpa dídine, is féidir leo dul isteach chuig a n-oifig áitiúil le Measúnú a fháil i dtaobh Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean.

Nuair a thagann teaghlach chun cinn agus Fógra Foirceanta acu, cuirtear é sin ar aghaidh chuig an Oifigeach um Chothú Tionóntachtaí lena dheimhniú. Má mheastar fógra a bheith neamhbhailí, téann an tOifigeach um Chothú Tionóntachtaí i mbun plé leis an tiarna talún agus cuireann teimpléad ar fáil den fhógra ceart a theastaíonn. Nuair is cuí, moltar don teaghlach plé le Threshold. Tá gach iarracht á déanamh le nach mbeidh ar theaghlaigh dul isteach sa Chóiríocht Éigeandála. Baintear feidhm as bearta cuir i gcás Tionónta in Situ, tacaíocht aimsithe áite le ÍCT do dhaoine gan dídean, ainmniú CCT nó leithdháileadh ÚÁ. Sa dóigh is go mbeidh cur chuige leanúnach ann i dtaobh seirbhísí a chur ar fáil do dhaoine gan dídean, tá doiciméad inmheánach beartais i bhfeidhm atá á athbhreithniú faoi láthair.

Is iad na daoine atá ar an bhFoireann Tacaíochta do Dhaoine gan Dídean ná an tOifigeach um Chothú Tionóntachtaí, an tOifigeach um Áiteanna a Aimsiú do dhaoine gan dídean faoin Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta, beirt Oibrithe Shóisialta, an tOifigeach Cóiríochta do Thaistealaithe agus an tOifigeach Teagmhála um Chóiríocht do Thaistealaithe. Bíonn cruinniú acu uair sa mhí chun athbhreithniú a dhéanamh ar na teaghlaigh ar fad atá ag cur fúthu i gCóiríocht Éigeandála agus chun teacht ar bhealaí le go mbeidh siad in ann tionóntacht a fháil.

Cuireann Foireann Gníomhaíochta um an Easpa Dídine ar bun in 2021. Seo iad na comhaltaí lárnacha: Oifigeach Cothabhála Tionóntachta, Oifigeach Aimsithe Áite do dhaoine gan dídean a fhaigheann an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta, beirt Oibrithe Shóisialta ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo, Oifigeach Cóiríochta do Thaistealaithe, Oibrí Sóisialta Meabhairshláinte ó FSS, Bainisteoir Tithíocht ar dTús i gClann Shíomóin na Gaillimhe, Oibrí Tacaíochta ó Chlann Shíomóin na Gaillimhe agus Oifigeach Cothabhála Tionóntachta ó Sophia Housing. Cuirtear cuireadh chun bheith páirteach chuig gníomhaireachtaí cuí agus chuig oibrithe sa rannóg Tithíochta i gComhairle Contae Mhaigh Eo ag brath ar na cásanna atá leagtha amach le hiad a mheas. Bíonn cruinniú gach mí ag an bhFoireann Gníomhaíochta um Easpa Dídine chun plé a dhéanamh ar atreoruithe cásanna Tithíocht ar dTús, atreoruithe chuig an tSeirbhís nua Tacaíochta Tionóntachta atá ag Sophia Housing (ó R4, 2023) agus ar aon réitigh a d’fhéadfadh a bheith ann d’atreoruithe nach dtiteann faoi na critéir a bhaineann leis na seirbhísí sin.

Tháinig méadú ar an líon daoine gan dídean i Maigh Eo i rith na tréimhse lenar bhain an Plean Gníomhaíochta deiridh. Ar aon dul le cuid mhaith contaetha tuaithe eile, tá líon folaigh daoine gan dídean ann agus daoine ag cur fúthu in áiteanna cónaithe míchuí, cuir i gcás teachíní mí-oiriúnacha nó tithe soghluaiste, ar daoine iad nach ndearna iarratas riamh le dul ar an liosta tithíochta ná nár chláraigh a riachtanas tithíochta. Ós seo an patrún ar fud na tíre, áfach, fágann an méadú ar phraghsanna cíosa agus an easpa soláthar tithíochta go mbíonn níos mó daoine ag teacht chun na Comhairle le cuidiú a fháil. Tá méadú, mar sin, ar an líon daoine a thagann isteach mar dhaoine gan dídean, go háirithe ó bhí 2021 ann.

### Líon Cásanna den Easpa Dídine i gComhairle Contae Mhaigh Eo

| Bliain | Líon Cásanna den Easpa Dídine |
|---|---|
| 2020 | 100 |
| 2021 | 95 |
| 2022 | 134 |
| 2023 | 187 |

***Foinse: Aonad Chomhairle Contae Mhaigh Eo do Dhaoine gan Dídean, mí na Nollag 2023***

Úsáideann Comhairle Contae Mhaigh Eo maoin dá stoc féin do Chóiríocht Éigeandála ghearrthéarma. Mar gheall ar an gcóras seo, is féidir rogha eile a thabhairt do chúpla teaghlach seachas dul isteach i gCóiríocht Éigeandála Phríobháideach agus tugtar deis dóibh a gcóiríocht doras féin a bheidh acu sa ghearrthéarma ar Chomhaontú Sealadach don Chóiríocht Éigeandála. Tá ag éirí leis an gcur chuige seo ach, agus méadú tagtha ar an éileamh ar spásanna, uaireanta fanann teaghlaigh sna maoine "gearrthéarma" seo níos faide ná mar a bhíonn beartaithe. Bhí trí cinn déag de thithe sealadacha don chóiríocht éigeandála in úsáid ag an gComhairle i ndeireadh 2023.

I mí na Nollag 2023, chuaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo i mbun comhaontú cúig bliana le Charlestown Lodge chun cóiríocht éigeandála a sholáthar. Tá suas le 100 spás leapa in Charlestown Lodge agus cóiríocht chomhchoiteann chócaireachta, níocháin éadaí agus chónaithe. Ar dtús glacadh le 15 spás leapa agus é beartaithe úsáid iomlán a bhaint as in 2024.

Úsáideann Comhairle Contae Mhaigh Eo 7 árasán 1 leaba i gCaisleán an Bharraigh chun Cóiríocht Éigeandála Phríobháideach a sholáthar. I gcás daoine leochaileacha a thagann isteach, úsáidtear cóiríocht chónaithe i gCaisleán an Bharraigh. Má mheastar riachtanach é, cuirtear cóiríocht ar fáil i dteach leapa agus bricfeasta nó in óstlann. I gcás mar seo, d'fhéadfaí go gcuirfí dearbhán ar fáil agus go ndéanfadh an teaghlach féin an chóiríocht a aimsiú, i gcásanna eile gheobhadh an tOifigeach Measúnaithe an spás. Déantar athbhreithniú air seo cás ar chás. Cuireann Seirbhís Tacaíochta Mhaigh Eo do Mhná tacaíocht ar fáil do mhná agus do leanaí ar íospartaigh den fhoréigean baile iad. Bíonn an tSeirbhís ag obair go dlúth le Comhairle Contae Mhaigh Eo ar riachtanais chóiríochta ar bhonn éigeandála agus/nó fadtéarma.

Tháinig fás go leanúnach in 2023 ar an líon teaghlach a chuaigh isteach sa chóiríocht éigeandála phríobháideach.  Bhí ardú mar sin le feiceáil i gcás daoine aonair sa chóiríocht éigeandála phríobháideach.

### An líon Daoine Fásta Singile agus an líon Teaghlach ag úsáid cóiríocht éigeandála phríobháideach in 2023

| Mí | An líon teaghlach | An líon daoine aonair | An líon daoine fásta san iomlán |
|---|---|---|---|
| Eanáir | Deichniúr (15 dhuine fhásta agus 31 leanbh) | 38 | 53 |
| Feabhra | Seachtar (11 dhuine fhásta agus 19 leanbh) | 35 | 46 |
| Márta | Ochtar (13 dhuine fhásta 24 leanbh) | 44 | 57 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Aibreán | Naonúr (13 dhuine fhásta agus 25 leanbh) | 47 | 60 |
| Bealtaine | Naonúr (12 dhuine fhásta agus 25 leanbh) | 45 | 57 |
| Meitheamh | 10 (13 dhuine fhásta agus 27 leanbh) | 50 | 63 |
| Iúil | 13 (17 nduine fhásta agus 32 leanbh) | 57 | 74 |
| Lúnasa | 13 (19 nduine fhásta agus 36 leanbh) | 56 | 75 |
| Meán Fómhair | 14 (22 duine fhásta agus 39 leanbh) | 55 | 77 |
| Deireadh Fómhair | 16 (26 duine fásta agus 41 leanbh) | 61 | 87 |
| Samhain | 15 (23 dhuine fhásta agus 37 leanbh) | 64 | 87 |
| Mí na Nollag | 15 (25 duine fhásta agus 41 leanbh) | 67 | 92 |

***Foinse: Aonad Chomhairle Contae Mhaigh Eo do Dhaoine gan Dídean, mí na Nollag 2023***

## Seirbhísí Óige i gContae Mhaigh Eo

### Tithíocht ar dTús

Tá an clár Tithíocht ar dTús á sholáthar i gContae Mhaigh Eo ag Clann Shíomóin na Gaillimhe agus COPE na Gaillimhe i gcomhar leis an Údarás Áitiúil, le Ceantair Bhardasacha agus le comhlachtaí ceadaithe tithíochta.

### An tionscadal "Mo Bhaile Féin"

Tá tús curtha leis an obair chun an tionscadal "Mo Bhaile Féin" a chur i bhfeidhm, tionscadal atá dírithe ar dhaoine a aistriú ó thimpeallachtaí le daoine eile i seirbhísí meabhairshláinte go mbeidh cónaí orthu go neamhspleách.  Cuireadh an tSeirbhís seo ar fáil ar bhonn trialach, ansin ar bhonn ginearálta, i gContae na Gaillimhe agus i Ros Comáin roimhe seo. Na spriocanna tosaigh atá ann ná le tithíocht a chur ar fáil do sheisear (6) i Maigh Eo.

### Focus Ireland

Cuireann Focus Ireland tionóntachtaí ar fáil i Maigh Eo do dhaoine óga atá i ndiaidh socrú cúraim a fhágáil, mar chuid dá gclár iarchúraim, chomh maith le cineálacha eile tacaíochta. Ina theannta sin, tá beirt oibrithe iarchúraim fostaithe ag TUSLA a bhíonn ag obair leis na daoine óga seo, nuair a éiríonn siad ró-aosta don chóras cúraim.

## Nasc le Tacaíocht sa Phobal

Comhairle Contae Mhaigh Eo le Fóram Mhaigh Eo ar mhaithe le Daoine gan Dídean a reáchtáil gach ráithe. Ar an bhfóram seo tá ionadaithe ó na dreamanna seo a leanas: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Seirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (MABS), Seirbhís Tacaíochta Mhaigh Eo do Mhná, Seirbhís Athlonnaithe IASIO, Cumann Naomh Uinseann de Pól, Clann Shíomóin na Gaillimhe, an Garda Síochána, an Roinn Coimirce Sóisialaí, Threshold agus Cumann Mhaigh Eo um Shláinte Mheabhrach. Tugann an fóram seo deis naisc a láidriú le gníomhaireachtaí atá in ann eolas, comhairle agus tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh agus iad ag dul trí fhadhbanna tithíochta. Tá ocht nIonad Acmhainní do Theaghlaigh i Maigh Eo agus cúig Oifig Eolais do Shaoránaigh agus naisc láidre forbartha leo.

## Forbairtí amach anseo i gContae Mhaigh Eo

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo ag beartú dhá thionscadal nua do 2025. Tá Plean Gnó curtha isteach lena mheas i dtaca le Seirbhís Tithíochta Pobalbhunaithe agus Seirbhís Easpa Dídine Óige a chur ar bun. Dá gcuirfí na seirbhísí seo ar bun, ní bheadh Comhairle Contae Mhaigh Eo chomh spleách céanna ar an gcóiríocht éigeandála phríobháideach do shocrúcháin do dhaoine gan dídean agus bheadh teacht ar thacaíocht spriocdhírithe ag daoine a lorgaíonn Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean. Tá fás ar an líon daoine a dteastaíonn tacaíocht idirghabhála uathu ach nach bhfuil na riachtanais tacaíochta ar an leibhéal a theastaíonn don chlár Tithíocht ar dTús. Táthar ag breathnú ar Thithíocht Phobalbhunaithe a sholáthar chun an bhearna seo a dhruidim.

Tháinig méadú mór in 2023 ar an líon daoine óga a lorg Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean, mar atá leagtha amach i dTábla 18.

### An líon daoine gan dídean 18 mbliana - 25 bliain d'aois faoi thacaíocht i gcóiríocht éigeandála phríobháideach i Maigh Eo in 2023

| Mí | An líon |
|---|---|
| Eanáir | 6 |
| Feabhra | 6 |
| Márta | 11 |
| Aibreán | 13 |
| Bealtaine | 13 |
| Meitheamh | 12 |
| Iúil | 13 |
| Lúnasa | 12 |
| Meán Fómhair | 11 |
| Deireadh Fómhair | 13 |
| Samhain | 14 |
| Mí na Nollag | 15 |

***Foinse: Aonad Chomhairle Contae Mhaigh Eo do Dhaoine gan Dídean, mí na Nollag 2023***

Thug Foireann Tacaíochta Chomhairle Contae Mhaigh Eo do Dhaoine gan Dídean cuairt ar chathair na Gaillimhe le breathnú ar an obair a dhéantar sa Tithíocht Phobalbhunaithe agus i Seirbhís Chlann Shíomóin na Gaillimhe do Dhaoine Óga gan Dídean. Táthar ag beartú tionscnaimh den chineál céanna do Mhaigh Eo don tréimhse lena mbaineann an plean nua.

## *Córas PASS a úsáid*

Déantar gach cás agus gach áirithint cóiríochta éigeandála a thaifeadadh ar PASS. Tá oibrithe tar éis leas a bhaint as an oiliúint ar fad atá curtha ar fáil go dtí seo. Beidh siad toilteanach tabhairt faoi aon oiliúint bhreise a chuirfear ar fáil.

## Comhairle Contae Ros Comáin

Is i gContae Ros Comáin atá an daonra is lú i Réigiún an Iarthair. Tá daonra 69,995 duine ann de réir an daonáirimh in 2022.

Ar an bhfoireann um Easpa Dídine i gComhairle Contae Ros Comáin tá Oifigeach Tithíochta, Aimsitheoir Áite ÍCT agus Oifigeach Foirne Cúnta páirtaimseartha. Tá ról fíorthábhachtach ag an Aimsitheoir Áite faoin Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta. Mar gheall ar athruithe cíosa, áfach, agus an uasteorainn a shocraítear go náisiúnta ar leibhéil do Ros Comáin, tá limistéir áirithe sa Chontae nach bhfuil oiriúnach don Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta, fiú agus tacaíocht bhreise ann ón íocaíocht lánroghnach 35% agus ón Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta do dhaoine gan dídean.

Murab ionann le Cathair na Gaillimhe, níl aon bhrúnna i Ros Comáin ná seirbhísí eile atá dírithe ar dhaoine gan dídean. Tá méadú mór tagtha ar an líon cásanna den easpa dídine i gContae Ros Comáin. Tá baol ann, mar sin, nach leor na hacmhainní éigeandála cóiríochta a úsáideann an Chomhairle - óstáin agus tithe leapa is bricfeasta den chuid is mó. Tá cuid de na soláthraithe a chuireadh cóiríocht ar fáil tar éis tarraingt siar le gairid, cúis eile le brú mór.

In 2019, ní raibh ach 62 cás den easpa dídine an bhliain ar fad. Bhí 66 cás ann in 2022. Measadh gur daoine gan dídean iad 44 cás acu. Tugadh lóistín do 39 cás acu i gCóiríocht Éigeandála, i gcóiríocht éigeandála phríobháideach. Go dtí mí na Samhna 2023, bhí 132 cás de dhaoine ag teacht isteach mar dhaoine gan dídean i Ros Comáin. Daoine aonair iad 106 duine acu agus teaghlaigh iad 26 cás.

Níl ach méid teoranta seirbhísí tacaíochta do dhaoine gan dídean sa phobal i Ros Comáin. Uaireanta, déanfaidh oibrithe san Aonad do Dhaoine gan Dídean teaghlaigh atá i mbaol ón easpa dídine, nó atá i gcúinsí contúirteacha, a atreorú chuig an Ionad Acmhainní do Theaghlaigh.

Cuid mhaith de na daoine atá gan dídean le fada, is daoine iad a ligeadh amach ó Sheirbhísí Meabhairshláinte, go háirithe ó Sheirbhísí Síciatracha Ros Comáin. In ainneoin iarrachtaí atá déanta béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le fógra roimh réidh agus le plean a ullmhú leis an duine a ligean amach, ní bhíonn a leithéid ann ar bhonn leanúnach. Corruair tagann an fógra ar an lá céanna a ligtear an duine amach. Tá cásanna feicthe againn inar tháinig oibrithe ón ospidéal i dteagmháil leis an Aonad um Easpa Dídine ag iarraidh ceathrar othar a d'fhéadfadh a bheith gan dídean a ligean amach ar an lá céanna.

Ó thaobh acmhainní eile de, tá Oifigeach Teagmhála Lucht Siúil/Tithíochta amháin ag an gComhairle a bhíonn ag plé faoi láthair le tionóntaí agus le daoine den Lucht Siúil. Níl na hacmhainní ag an duine sin le bheith ag plé le daoine gan dídean ar a bharr sin. Níl an tacaíocht ag an gComhairle ó Oibrí Sóisialta ná Oifigeach Cothabhála Tionóntachtaí. Mar sin, tá brú breise ar ann ar na Seirbhísí a theastaíonn chun dul i ngleic leis an easpa dídine. Agus na cúiseanna seo ar fad i dteannta le chéile, leagtar béim ar an riachtanas mór atá ann go mbeidh iarrachtaí cuimsitheacha leanúnacha agus tacaíocht ann, á maoiniú go sásúil, chun dul i ngleic leis an méadú ar an easpa dídine i Ros Comáin.

## ÍCT do Dhaoine gan Dídean / Aimsitheoir Áite ÍCT

Tá ról tábhachtach ag an Aimsitheoir Áite faoin Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta cuidiú le daoine le nach mbeidh siad gan dídean agus cuidiú le daoine atá i gcóiríocht éigeandála phríobháideach agus gan

deis acu bogadh ar aghaidh. Ní féidir é a sin a dhéanamh, áfach, gan áiteanna cónaithe cuí a aimsiú, agus tacaíocht thábhachtach ann ó oifigeach a bhíonn ag obair thar ceann cliaint. Táthar tar éis úsáid a bhaint as cuid de na dáiltí léasa den chineál a bhaineann leis an Scéim Cúnaimh Cíosa dóibh siúd a bhíonn ag bogadh ar aghaidh ón easpa dídine. Cuireadh 15 léas den chineál seo ar fáil in 2022 agus 21 ceann acu in 2023.

Tagann srianta chun cinn leis an tacaíocht a fhaightear faoin ÍCT mar gheall ar mhéid an fhóirdheontais a chuirtear ar fáil agus leibhéil ioncaim cliant incháilithe nuair a chuirtear iad sin i gcomparáid leis an méadú ar phraghsanna cíosa sa Chontae agus na teorainneacha don ÍCT atá i bhfeidhm don Chontae. Faoi rialacha ÍCT, an uasteorainn ÍCT atá ann d'áitribh i limistéar Chontae Ros Comáin ná 550 do theaghlach a bhfuil triúr páistí ann. Dá mbeadh an teach céanna i gContae na Gaillimhe, bheadh uasteorainn ÍCT suas le 900 ann do theaghlach a mbeadh an líon céanna daoine ann. Bíonn an Chomhairle ag obair le tiarnaí talún a bhfuil áitribh acu ar an dá thaobh de theorainn na gcontaetha. Tuigimid as sin an chaoi a dtéann an fad go Gaillimh agus go dtí an Iarmhí i bhfeidhm ar phraghsanna cíosa.

Mar gheall ar an íocaíocht bhreise lánroghnach suas le 35% atá ar fáil faoin ÍCT agus faoin ÍCT do dhaoine gan dídean, tá difear suntasach ann ó thaobh inacmhainne de idir áiteanna éagsúla. I gcás duine aonair i Ros Comáin, an ÍCT atá ann ná 360 euro ach tá an íocaíocht i bhfad níos airde i nGaillimh, 575 euro. Cé gur rogha a bheadh ann ná ÍCT roinnte a úsáid, níl aon áitribh oiriúnacha ann faoi láthair. Dá bharr, is gá an ráta don ÍCT a ardú go práinneach do Ros Comáin. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an RTRÁO ar an leibhéal don íocaíocht bhreise lánroghnach, atá ar an méid is mó agus is féidir taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath faoi láthair, 35%. Mar sin féin, tá imní fós ann maidir le hiarmhairtí neamhbheartaithe a d'fhéadfadh a bheith ann, cuir i gcás méadú ar chíosanna agus difear a d'fhanfadh ar na taobhanna éagsúla de theorainneacha na gcontaetha. Úsáidtear SCC chun freagairtí leis an easpa dídine a stopadh, go háirithe dóibh siúd atá i mbaol ón easpa dídine nó buailte cheana féin ag an easpa dídine.

Faoi dheireadh mhí na Samhna 2023, is mar seo a leanas a bhí miondealú na bhfigiúirí do dhaoine gan dídean i Ros Comáin: 18 gcás in óstlanna agus tithe leapa is bricfeasta arbh iad daoine singile 14 chás acu agus arbh iad teaghlaigh 4 chás acu.

# Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean i gContae Ros Comáin

## Easpa Dídine Óige

Nuair a bhíonn duine óga atá i gcúram ar tí 18 mbliana d'aois a bhaint amach, tacaíocht de dhíth ar an duine sin agus an duine sin i mbaol ón easpa dídine, téann Oibrí Sóisialta iarchúraim ó TUSLA i dteagmháil leis an gComhairle. Níl aon tacaíocht faoi leith eile ann don easpa dídine óige, ná soláthar faoi leith don easpa dídine óige, sa Chontae.

## Mo Bhaile Féin

Cuireadh an clár trialach Mo Bhaile Féin i bhfeidhm go sásúil i Ros Comáin agus tacaíocht ann ó Chlann Shíomóin na Gaillimhe agus Cúram Sláinte Pobail an Iarthair, agus cúnamh ann ó na Seirbhísí Meabhairshláinte.

## Seirbhísí Bunaithe ar Thithíocht

Sampla sásúil de thoradh ná tionónta singile i seirbhís atá bunaithe ar thithíocht a fhaigheann tacaíocht ó sheirbhísí síciatracha agus cónaí ar an duine sin sa phobal. Ar an iomlán, aithnítear gur gá caidreamh níos fearr a fhorbairt leis an ospidéal síciatrach, go háirithe leis an síciatraí agus na hoibrithe eile. Tá an cheist ardaithe maidir le cásanna nach leantar comhghnás d'othair amach. Tá údar imní borrúlach ann faoin teannas nuair a bhítear ag plé leis an bhfoireann shíciatrach toisc go mbíonn brú inmheánach ar an ospidéal daoine a ligean amach as an ospidéal gan ach fógra an-ghairid a thabhairt don aonad do dhaoine gan dídean. Mar thoradh ar an easpa pleanála seo roimh ré, is minic nach mbíonn na socruithe tacaíochta ann don chliant atá le teacht amach ón ospidéal agus isteach sa phobal.

Ós rud é nach ann d'fheidhm faoi leith mar Oibrí Sóisialta "gairmiúil" san Údarás Áitiúil nó chun tacú leis an bhFoireann do Dhaoine gan Dídean, is é an tuiscint atá ag oibrithe tithíochta ná nach féidir idirbheartaíocht a dhéanamh chomh héifeachtach céanna le seirbhísí eile, go háirithe i gcás cliaint a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte nó iompraíochta acu. Baineann an laige seo de chumas na Comhairle troid ar son na riachtanas faoi leith a bhíonn ag cliaint sna cúinsí seo agus iad a réiteach.

## Cóiríocht Éigeandála Phríobháideach (CÉP)

Mar gheall ar an méadú ar an dúshlán a bhaineann le spásanna leapa a fháil don CÉP, tá sé tagtha chun cinn nach mbíonn an dara rogha ann le tabhairt do dhaoine fásta ach iad a chur i seomraí le daoine eile, rud nach bhfuil sásúil ná baol air. Is léir ón méadú ar an mbrú ar CÉP sa Chontae go bhfuil an riachtanas ag fás go gcuirfear roghanna eile fáil, b'fhéidir brú ósta a bhunú nó réiteach eile mar sin ionas nach mbeifear ag brath go hiomlán ar an CÉP. I gcás cuid de na daoine a úsáideann seirbhísí do dhaoine gan dídean, bíonn dúshláin phearsanta acu a fhágann go mbíonn deacracht acu a dtionóntacht a choinneáil. Mar sin, d'fhéadfaidís a bheith i dteideal tacaíocht a fháil agus iad ag aistriú ón easpa dídine agus an baol ann go mbeidh siad gan dídean arís agus arís eile.

Don chéad chéim eile den phlean, caithfear na roghanna a fhiosrú le nach mbeifear ag brath an oiread céanna ar Chóiríocht Éigeandála Phríobháideach agus chun roghanna a fháil do chóiríocht le go mbeidh leibhéil níos mó de thacaíocht ghinearálta ann dóibh siúd óna dteastaíonn a leithéid.

## Na spriocanna sa doiciméad Tithíocht do Chách

Mar chuid den chlár Tithíocht do Chách, tá sprioc ag an gComhairle 250 aon nua don Tithíocht Shóisialta a chur i gcrích thar 5 bliana. An chonstaic is mó a bhíonn le sárú ó thaobh cothú tionóntachtaí de ná an ganntanas maoine atá ar fáil go ginearálta, go háirithe áitribh a bhfuil seomra leapa amháin nó dhá sheomra leapa iontu. Ar a bharr sin, bíonn dúshláin ann do theaghlaigh toisc nach mbíonn go leor tithe móra ann a bheadh feiliúnach do thithe a bhfuil níos mó leanaí iontu. Dá

bhrí sin, bíonn ar theaghlaigh a bhfuil líon níos mó leanaí iontu fanacht tréimhsí níos faide i gcóiríocht éigeandála do dhaoine gan dídean de dheasca an ghanntanais tithíochta seo. Cuireann foireann caipitil na Comhairle na figiúirí seo agus riachtanais tionóntachta san áireamh agus scéimeanna tithíochta nua agus cineálacha measctha tithíochta á bhforbairt acu.

## *Dúshláin Eile ag baint le Dul i nGleic leis an Easpa Dídine i Ros Comáin*

Dúshlán amháin atá ann ná an éiginnteacht a bhaineann le tacaíocht phras éasca a fháil ó sheirbhísí áirithe de na Seirbhísí Sláinte, go háirithe i réimse na seirbhísí meabhairshláinte pobail. Bíonn cruinniú ag an bhFoireann Gníomhaíochta um Easpa Dídine gach mí, ach teastaíonn comhar rialta le go mbeidh gach réimse cuí de FSS páirteach ann ionas go n-éireoidh le tionóntachtaí na foirne.

## Forbairtí amach anseo do Ros Comáin

Mar chuid den aistriú ar shiúl ó chóiríocht éigeandála phríobháideach, leagfar béim i Ros Comáin ar chóiríocht éigeandála a fhorbairt trí áiseanna faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil nó CCT. Tá Comhairle Contae Ros Comáin tar éis a bheith gníomhach ag breathnú ar roghanna le brú a chur ar fáil chun seirbhísí faoi thacaíocht a sholáthar sa chontae. Mar chuid den iarracht seo, tá áitreabh feiliúnach aimsithe a d'fhéadfadh glacadh le deichniúr go dáréag. Dhéanfaí an áis seo a dhearadh chun freastal ar na riachtanais atá ag daoine atá buailte ag an easpa dídine ionas go mbeadh an tacaíocht chuí ann leis an tseasmhacht a chothú agus chun bealaí a chur ar fáil go tithíocht bhuan.

Bheadh an áis bheartaithe ar fáil mar Aonad Freagartha don Aimsir Fhuar do Ros Comáin chun foscadh agus tacaíocht a thabhairt nuair a bheadh drochaimsir ann. Agus aitheantas á thabhairt don chastacht a bhainfeadh lena leithéid de thionscnamh, is éard a bheadh i gceist don fhorbairt seo ar sholáthar tithíochta i mbrú óige ná próiseas cuimsitheach breithmheasa ionas go ndearfaí an tsaoráid agus leibhéal cuí de thacaíocht ghinearálta ann, cuir i gcás seirbhísí sláinte, meabhairshláinte agus sóisialta. An cuspóir le cur chuige comhtháite mar seo ná le dul i ngleic leis na dúshláin a bhíonn le sárú ag daoine atá buailte ag an easpa dídine. Dá dtarlódh go mbeadh an tionscadal indéanta, céim shuntasach chun tosaigh a bheadh ann i dtreo seirbhísí riachtanacha agus tacaíocht riachtanach a chur ar fáil do dhaoine leochaileacha sa phobal.

Idir an dá linn, tá Cás Gnó chun Seirbhís Tithíochta Pobalbhunaithe a fhorbairt curtha le chéile ag Comhairle Contae Ros Comáin i gcomhairle le Clann Shíomóin na Gaillimhe. D’fhéadfaí an tseirbhís sin a chur ar fáil sa chéad tréimhse den phlean atá beartaithe chun an brú ar sholáthar éigeandála príobháideach a cheansú agus le go mbeidh bealaí ag cliaint a dteastaíonn tacaíocht uathu le bogadh ar aghaidh ón gcóiríocht éigeandála.

Ó thaobh Riachtanais Oiliúna Oibrithe de, tá oibrithe san Aonad do Dhaoine gan Dídean i Ros Comáin tar éis breathnú ar shamhail don Oiliúint Tosaigh atá ar fáil sa Longfort do thionóntaí nua, a chuirtear i láthair in dhá sheisiún dhá uair an chloig an seisiún. Tá an fhoireann i mbun plé faoina leithéid de thionscnamh a chur i bhfeidhm a reáchtálfaí san am céanna le tionóntachtaí amach anseo do chliaint gan dídean.

## Aguisín C: Comhairliúcháin le Príomhpháirtithe Leasmhara

Chuaigh Ann Mallaghan i gcomhairle leis na Príomhpháirtithe Leasmhara seo a leanas sa taighde a bhí mar bhonn eolais chun an plean seo a chur le chéile:

**Comhairle Cathrach na Gaillimhe**

| | |
|---|---|
| Elizabeth Fanning | An Stiúrthóir Tithíochta |
| Helena Martyn | Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Cúnta |
| Derek Healy | Oifigeach Riaracháin Cúnta |
| Cliona Clancy | Oifigeach um Easpa Dídine / Oifigeach um Míchumas agus Ionchuimsiú Sóisialta |
| Catherine Fahy | Oibrí Sóisialta Sinsearach |
| Louise Conneally | Oibrí Sóisialta |
| Peter Barnett | Oibrí Sóisialta |
| Alan Woods | Aimsitheoir Áite ÍCT |
| Kay Monaghan | Oifigeach Measúnaithe um Easpa Dídine |
| Carmel Manfredi | Oifigeach um Chothú Tionóntachtaí |

**Comhairle Chontae na Gaillimhe**

| | |
|---|---|
| Michael Owens | An Stiúrthóir Tithíochta |
| Nuala Heffernan | Oifigeach Riaracháin |
| Deirdre O'Connor | Oifigeach um Chothú Tionóntachtaí |
| Mary Hughes | Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta - an tSeirbhís Aimsithe Áite |

**Comhairle Contae Mhaigh Eo**

| | |
|---|---|
| Julie Ryan | Oifigeach um Chothú Tionóntachtaí |
| Eileen Corcoran | Oifigeach Cóiríochta do Thaistealaithe |
| Derek Walsh | Oifigeach Cóiríochta do Thaistealaithe |
| Mary Bergin | Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta - an tSeirbhís Aimsithe Áite |
| Orla Hughes | Oibrí Sóisialta |
| Bernie Rowland | Oibrí Sóisialta |

**Comhairle Contae Ros Comáin**

Fiona Ní Chuinn An Stiúrthóir Tithíochta

Ann McHugh Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach

Patricia Cassidy Oifigeach Riaracháin

Carla Lennon Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta - an tSeirbhís Aimsithe Áite

Jackie Devine Oifigeach Tacaíochta do Dhaoine gan Dídean

Siobhan Mullen Oifigeach Measúnaithe um Easpa Dídine

**Gníomhaireacht Tithíochta**

Rob Lowth Comhordaitheoir Náisiúnta Tithíocht ar dTús

**Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte**

Michael Keady Bainisteoir um Ionchuimsiú Sóisialta CHO2

Thelma Birrane Comhordaitheoir Réigiúnach Sláinte do Thaistealaithe

Gillian Crowe Oibrí Sóisialta Sinsearach, Comhordaitheoir Foirne, Foireann Meabhairshláinte Slí Nua

**Clann Shíomóin na Gaillimhe**

Karen Golden Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Karen Feeney Ceann Seirbhísí Cliant

Andrea Fitzgerald Bainisteoir Seirbhísí, Tithíocht ar dTús agus Mo Bhaile Féin, Réigiún an Iarthair

Aisling O'Hara Bainisteoir Seirbhísí do Sheirbhísí Óige agus Tithíocht sa Phobal

An Dr Kieran Coleman Dochtúir Ginearálta ar an bhFoireann um Shláinte agus Folláine Daoine gan Dídean

Sarah McDonagh Altra ar an bhFoireann um Shláinte agus Folláine Daoine gan Dídean

Cúigear (5) cliant ó Sheirbhís Óige Chlann Shíomóin na Gaillimhe

**COPE na Gaillimhe**

Martin O'Connor Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Sinead Carey Ceann Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean

Paul Walsh Bainisteoir an Ionaid Lae

Sandra Lyngmo Oibrí Tacaíochta

Leah Ryan Oibrí Tionscadail For-rochtana agus san Ionad Lae

| | |
|---|---|
| Ruth Morvan | Oibrí Tionscadail - Cóiríocht Éigeandála Phríobháideach |
| Colette Mangan | Bainisteoir Seirbhísí - Athlonnú agus Tacaíocht Tionóntachta |

**Seirbhísí Óige No4 na Gaillimhe**

| | |
|---|---|
| Natalie Coen | Comhordaitheoir ar Obair Óige |
| Joan O'Mahoney | Oibrí Óige |
| Delia | Gairmthreoir, páirtaimseartha |
| Ellen | Oibrí Óige |
| Emma | Mac léinn, Staidéar Óige agus Teaghlaigh, ar shocrúchán oibre |

**TUSLA**

| | |
|---|---|
| Morgan Mee | Comhordaitheoir an Choiste do Sheirbhísí Leanaí agus Óige, Gaillimh |
| Deirdre McHugh | Bainisteoir Iarchúraim, Gaillimh |

**Threshold na Gaillimhe**

| | |
|---|---|
| Graham Higgins | Bainisteoir Réigiúnach |
| Emma Keane | Seirbhísí Comhairle |

**An Roinn Coimirce Sóisialaí**

Vincent Gormley

**Eagraíochtaí ar son an Lucht Siúil**

| | |
|---|---|
| Margaret O'Riada | Grúpa Tacaíochta na Gaillimhe don Lucht Siúil |
| David Collins | Forbairt don Lucht Siúil agus Idirchultúrtha san Iarthar |